



ÓDF

An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil do na Blianta 2017 agus 2018

An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann

An Chairt do Chustaiméirí

Bunaíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le dlí chun próiseas achomharc a chur ar fáil, próiseas a bheadh neamhspleách ó thaobh cúrsaí reachtúla de agus trína bhféadfadh comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearán a phróiseáil tríd an gcóras um Shásamh in Éagóracha agus atá fós míshásta leis an toradh casaoide a chur faoi bhráid an Ombudsman lena hathbhreithniú.

Chomh maith leis sin, glacann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le gearáin a rinne iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann go díreach, faoi réir coinníollacha áirithe.

De bhun alt 4 agus alt 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, féadfaidh an tOmbudsman, ach amháin i gcás eisceachtaí áirithe, imscrúdú a dhéanamh ar gníomh a rinne comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach sa Roinn Cosanta, gníomh

- (a) a raibh tionchar díobhálach aige ar ghearánach nó a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar ghearánach,
- (b) i gcás –
 - (i) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh gan údarás cuí,
 - (ii) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh ar fhoras neamhábhartha,
 - (iii) gur neamart nó neamh-aire nó go mb'fhéidir gur neamart nó neamh-aire ba chúis leis an gníomh,
 - (iv) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó easpach,
 - (v) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh idirdhealaitheach go míchuí,
 - (vi) go raibh an gníomh míréasúnta, gan comhthéacs na timpeallachta míleata a chur san áireamh,
 - (vii) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar chleachtas míchuibhiúil riaracháin, nó
 - (viii) go raibh an gníomh thairis sin contrártha do riarachán cóir nó fóna,
- (c) nárbh ordú a eisíodh le linn oibríocht mhíleata é an gníomh, agus
- (d) nach dócha go réiteofar an ní agus go ndeachaigh tréimhse 28 lá thart ó rinneadh an gearán faoi alt 114 d'Acht 1954, i gcás comhalta reatha d'Óglaigh na hÉireann.

Féachann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le modh cóir, éasca le húsáid agus éasca le rochtain chun cásanna a bhreithniú a chur ar fáil.



Clár Ábhar

Gluais Téarmaí	5
Réamhrá	6
Buaicphointí 2017	10
Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc – 2017	12
Buaicphointí 2018	17
Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc – 2018	18
Achoimrí ar Chásanna	21
Gnóthaí Corparáideacha	40

Is mian leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabháil le Preasoifig Óglaigh na hÉireann as cead a thabhairt dó úsáid a bhaint as na grianghraif atá ann sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



Gluais Téarmaí agus Giorrúchán a úsáidtear sa Tuarascáil

DF	Óglaigh na hÉireann
ODF	An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Bde	Briogáid
Bn	Cathlán
DFHQ	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann
DFTC	Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann
MO	Oifigeach Liachta
MIO	Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata
OC	Oifigeach i gCeannas
GOC	Ginearáloifigeach i gCeannas
COS	Ceann Foirne
NCO	Oifigeach Neamhchoimisiúnta
RDF/FCA	Na hÓglaigh Cúltaca
DFR	Rialachán Óglaigh na hÉireann
Unit Comdr	Ceannasaí Aonaid
FOCNS	Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh
ROW	Sásamh in Éagóracha
PO	Mionoifigeach (An tSeirbhís Chabhlaigh)
DCOS (Sp)	Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht
Tech	Teicneoir
Coy Comdr	Ceannasaí Complachta
Sec Coy	Complacht Slándála
AC	An tAerchór
NS	An tSeirbhís Chabhlaigh
Moltaí	Moltaí a rinneadh don Aire Cosanta mar a fhoráiltear dó in alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004
EPMO	Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte
COMO	Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnta



Réamhrá:

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo, ina gcuimsítear an 12ú Tuarascáil Bhliantúil agus an 13ú Tuarascáil Bhliantúil ón Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann, a chur i láthair do na blianta 2017 agus 2018. Léirítear sa Tuarascáil seo obair na hOifige seo don dóú bliain déag iomlán agus don tríú bliain déag iomlán atá sí i mbun oibre ó bunaíodh í an 1 Nollaig 2005. Is í seo freisin an chéad Tuarascáil uaim ó ceapadh mé mar Ombudsman an 6 Iúil 2018. Ní rabhthas in ann Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú don bhliain 2017 sa bhliain 2018 toisc gur tháinig téarma oifige mo réamhtheachtaí chun deiridh i mí na Samhna 2017 agus gur fágadh an post folamh go dtí gur cheap Uachtarán na hÉireann mé an 6 Iúil 2018. Ceapadh mé tar éis próiseas comórtais oscailte ar réachtáil an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí é sna míonna tosaigh den bhliain 2018.

Is leagtha amach sa Tuarascáil seo i bhformáid shothuigthe atá na mionsonraí faoi na cásanna a tarchuireadh chuig an Oifig seo agus na cásanna a cuireadh i gcrích sna blianta 2017 agus 2018 faoi seach. Is mar seo a leanas atá achoimre ghairid:-

1. Cásanna le haghaidh imscrúdú iomlán a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2017: 113
2. Cásanna a tarchuireadh chuig an Oifig seo le haghaidh imscrúdú iomlán sa bhliain 2017: 19
3. Cásanna a cuireadh i gcrích agus Tuarascálacha a eisíodh sa bhliain 2017: 32
4. Cásanna le haghaidh imscrúdú iomlán a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2018: 100
5. Cásanna a tarchuireadh chuig an Oifig seo le haghaidh imscrúdú iomlán sa bhliain 2018: 9
6. Cásanna a cuireadh i gcrích agus Tuarascálacha a eisíodh sa bhliain 2018: 52
7. Cásanna le haghaidh imscrúdú iomlán a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2019: 34

Ábhar imní a bhí orm go díreach tar éis mo cheapacháin an 6 Iúil 2018 ba ea an líon suntasach cásanna a bhí ag fanacht le himscrúdú. Tionscnaíodh

an-chuid de na cásanna sin roinnt mhaith blianta roimhe sin agus tháinig méadú orthu de réir a chéile go dtí go raibh 100 cás idir lámha, d’ainneoin na ndianiarrachtaí agus na sároibre a rinne Tony McCourt, mo réamhtheachtaí. Creidim go bhfuil roinnt cúiseanna ann leis an riaráiste cásanna sin, lena n-áirítear na srianta dlíthiúla praiticiúla a bhí ar ghníomhaíochtaí na hOifige, rud a d’eascair as na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar cuireadh in aghaidh cheapachán an Uasail McCourt sa bhliain 2012. Tionscnaíodh iad san Ard-Chúirt i mí na Samhna 2012.

Tugadh breith inar caitheadh na himeachtaí amach i mí na Samhna 2013. Dá ainneoin sin, rinneadh achomharc in aghaidh na breithe sin (aistríodh an t-achomharc ina dhiaidh sin chun na Cúirte Achomhairc tar éis bhunú na Cúirte sa bhliain 2014). Níor éisteadh an t-achomharc faoin am a d’éirigh an tUasal McCourt as i mí na Samhna 2017.

Rud eile a chur le fadhb riaráiste a bhí géar cheana féin ba ea an bhearna geall le 8 mí ar fad a bhí ann idir mí na Samhna 2017 agus mí Iúil 2018, ar lena linn a bhí post an Ombudsman folamh agus nach rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh ar aon chásanna ná iad a chur i gcrích.

I mí Lúnasa 2018, scríobh mé chuig na gearánaigh i thart ar 77 gcinn den 100 cás a bhí ag fanacht lena gcur i gcrích (bhí na cásanna sin ann roimh dheireadh na bliana 2017) chun eolas a thabhairt dóibh faoi mo cheapachán agus chun iarraidh orthu a dheimhniú go mbeadh fonn orthu go leanfaí lena gcás a chur i gcrích. B’eol dom go bhféadfadh gurbh fhearr le roinnt gearánach, go háirithe iad sin dá raibh a gcás níos sine, an gearán uathu a tharraingt siar de bharr an imeachta ama. Níor chuir ach triúr gearánach in iúl go mbeadh fonn orthu an gearán uathu a tharraingt siar. Níor thug thart ar 20 gearánach freagra agus scríobhadh chucu an athuair thart ar dhá mhí ina dhiaidh sin. Ar deireadh thiar, níor thug 20 gearánach freagra ar chor ar bith. Athosclófar cás na ngearánach sin más rud é go n-iarrtar orainn déanamh amhlaidh agus go dtugtar leithscéal réasúnach as an teip freagra

a thabhairt. Chuir na freagraithe eile in iúl go mbeadh fonn orthu go leanfaí lena gcás a chur i gcrích. Fágadh 77 gcás bheo tar éis an phróisis sin. Sa tréimhse idir an dáta a ceapadh mé agus an 31 Nollaig 2018, bhí 52 chás ann a cuireadh i gcrích agus ar tugadh tuairisc orthu. Is méadú 62% é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Le linn na tréimhse sin, tarchuireadh 9 ngearán nua le haghaidh imscrúdú iomlán chuig an Oifig seo. Fágann sé sin gurbh amhlaidh, amhail tús na bliana 2019, go raibh 34 chás ag fanacht lena n-imscrúdú agus lena gcur i gcrích.

Táim ag súil gurb amhlaidh, faoi dheireadh na bliana seo, go ndéanfar gach cás neamhréitithe (amhail na míonna tosaigh den bhliain seo) a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu. Tá súil agam go ndéanfar na cásanna go léir a gheofar ina dhiaidh sin a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu idir 6 seachtaine agus 8 seachtaine óna dtarchur le haghaidh imscrúdú iomlán, seachas i gcúinsí eisceachtúla. Creidim go bhfuil an amlíne sin ina cuid bhunriachtanach den tseirbhís a sholáthraíonn an Oifig seo. Teastaíonn

cinneadh tapa ar ghearán i ngach cás, a bheag nó a mhór. Teastaíonn toradh tapa i gcás saincheistanna lena mbaineann ardú céime, urscaoileadh, agus roghnú le haghaidh cúrsaí, i measc nithe eile. Teastaíonn luathréiteach ó chásanna a bhfuil gearáin lena mbaineann bulaíocht agus nithe comhchosúla i gceist leo toisc go ngéaraítear ar na fadhbanna san áit oibre nuair a thagann moilleanna chun cinn ar dhéileáil leis na gearáin sin. Ó shamhradh na bliana seo ar aghaidh, scríobhfar chuig gach gearánach agus cuirfear in iúl dóibh cén uair is dócha go gcuirfear an t-imscrúdú ar an ngearán uathu i gcrích. Thug mé faoi deara go raibh méadú beag ann sna gearáin lena mbaineann bulaíocht atá á dtarchur chuig an Oifig seo le míonna beaga anuas. Feicimid amach anseo an leanfaidh an treocht sin ar aghaidh nó nach leanfaidh. Anuas air sin, táim ag iarraidh go háirithe a chinntiú go dtabharfar tuairisc go tapa as seo amach ar chásanna a cuireadh faoi bhráid na hOifige seo le ‘Deimhniú Práinne’.

Sa tréimhse idir an 6 Iúil 2018 agus an 31 Nollaig





2018, sheas mé go hiomlán le thart ar 6% de na cásanna a cuireadh i gcrích. Sa tréimhse sin, sheas mé go páirteach le gearáin i thart ar 31% de chásanna. Sa tréimhse sin freisin, rinne mé 52 mholadh. Maidir le 22 cheann de na gearáin sin, ghlac an tAire leo agus cuireadh chun feidhme iad nó tá siad á gcur chun feidhme. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhíothas ag fanacht le freagra ón Aire i dtaca leis na cásanna eile.

Tá córas sásaimh Óglaigh na hÉireann i mbun oibre le níos mó ná seasca bliain anuas. Is próiseas ilchasta é agus tugann sé do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann próiseas réitigh gearáin atá chun tosaigh ar na próisis sin a mbaineann fostaithe sibhialtacha, lena n-áirítear iad sin i gcorparáidí móra, leas astu. Cuireann sé ar chumas comhalta d'Óglaigh na hÉireann a iarraidh go mbreithneodh Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata an gearán uaidh/uaithi ar an gcéad dul síos, go mbreithneoidh a G(h)inearálóifigeach i gCeannas air ina dhiaidh sin agus go mbreithneodh an Ceann Foirne é sa deireadh. Anuas air sin, is amhlaidh ón mbliain 2005 i leith go bhféadfaidh an comhalta iarraidh ar an Ombudsman neamhspleách d'Óglaigh na hÉireann é a bhreithniú (faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004). Cé go n-easaontaím ó am go chéile le cinntí agus conclúidí na nOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata i gcásanna aonair, is minic is iontach atá an obair agus na mionsonraí a chuireann siad isteach ina n-imscrúduithe.

Cé go gceapaim go nglacann a lán daoine leis nach raibh aon réamhthaithí mhíleata agam nuair a thug mé faoin ról seo i lár na bliana 2018, tá bród orm as an bhfíric go raibh mé i mo chomhalta gníomhach den Fhórsa Cúltaca Áitiúil (ar feadh bliain amháin agus 171 lá) go mall sna 1960í agus gur urscaoileadh mé mar Shaighdiúir Singil trí réalta! Ar ndóigh, ghlac mé leis sin nár thug an t-eispéireas sin, a bhí gairid agus úsáideach ag an am céanna, ach léargas teoranta ar an saol míleata dom. Toradh amháin a bhí air, áfach, is ea gur spreag sé spéis mharthanach in Óglaigh na hÉireann go ginearálta agus braistint ómóis as an méid a bhain na trí bhrainse dá gcuid amach le lear blianta anuas, go háirithe i gcúinsí deacra. Is iontach atá oiliúint, obair agus tiomantas na gcomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ar muir, san aer agus ar an talamh, go háirithe le linn misin thar lear agus oibríochtaí daonnúla, agus is rud é sin a bhfuil an-mheas ag a lán daoine sa tír seo agus i dtíortha eile air.

Is d'fhonn tuiscint agus léirthuiscint níos fearr a ghnóthú ar a ndéanann Óglaigh na hÉireann a chuir mé in iúl gur spéis liom cuairt a thabhairt ar roinnt Dúnta agus bunáiteanna eile agus labhairt le comhaltaí fireannacha agus bainneannacha Óglaigh na hÉireann ar an talamh. Sa bhliain 2018 agus sna míonna tosaigh den bhliain seo, thug mé cuairt ar Dhún Chathail Bhrugha i mBaile Átha Cliath, ar an gCurrach, ar Aeradróm Mhic Easmainn, Baile

Dhónaill, agus ar Dhún Uí Choileáin, Corcaigh. Táim an-bhuíoch as an bhfáilte chroíúil a fuair mé sna hionaid sin agus as an méid a rinne a lán daoine iontu chun cabhrú liom tuiscint agus léirthuiscint a ghnóthú ar obair Óglaigh na hÉireann agus as léargas a thabhairt dom ar na fadhbanna agus na deacrachtaí a mbíonn an eagraíocht agus comhaltaí aonair d'Óglaigh na hÉireann ag dul i ngleic leo ar bhonn leanúnach. Tá súil agam go mbeidh mé in ann leanúint leis an gclár sin sa bhliain 2019 agus táim ag súil go mór le cuairt a thabhairt ar Inis Sionnach i gCorcaigh, ar Dhún Mhic Stiofáin i gCill Chainnigh, ar Dhún Chostúim i mBaile Átha Luain, ar Champa Fionnabhair i nDún na nGall, agus ar Dhún Mhic Aogáin i nDún Dealgan.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le roinnt daoine as an gcabhair agus an tacaíocht ríluachmhar atá siad ag tabhairt dom le míonna beaga anuas agus mé ag tabhairt faoi ról atá nua ar fad dom. Ina measc sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Lauren O'Donovan, Michael O'Flaherty agus Brian O'Neill, foireann na hOifige seo; don Uasal Paul Kehoe TD, an tAire Stáit le Freagracht

Speisialta as Cosaint; d'fhoireann na Roinne Cosanta; don Chaptaen Peter Dunne, Oifigeach Idirchaidrimh Óglaigh na hÉireann don Oifig seo; agus don Leas-Aimiréal Mark Mellett DSM, an Ceann Foirne.

Tá súil agam gurb amhlaidh, de réir mar a théann an bhliain 2019 ar aghaidh agus de réir mar a théimid isteach sa chéad bhliain eile, go mbeidh comhaltaí Óglaigh na hÉireann muiníneach go mbeidh an Oifig seo in ann seirbhís fhiúntach a sholáthar le haghaidh gearáin a réiteach. Tá sé tábhachtach a chuimhneamh agus a chur in iúl go mbím neamhspleách sa dóigh a gcomhlíonaim m'fheidhmeanna mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Tá áthas orm a dheimhniú go dtugann an tAire, an Roinn Cosanta agus na húdaráis mhíleata aird iomlán ar an neamhspleáchas sin.



Alan Mahon

An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann



2

Buaicphointí 2017

FUARTHAS

69

BHFÓGRA GEARÁIN

sa bhliain 2017, lenar áiríodh ceann amháin ar tharchuir iarchomhalta d'Óglaigh na hÉireann é go díreach chuig an Oifig.

B'ionann é sin agus laghdú

16%

16% ar an 82 fhógra a fuarthas sa bhliain 2016. B'ionann é freisin agus laghdú 38% ar an 111 fhógra a fuarthas sa bhliain 2015.

DE NA 69 B HFÓGRA GEARÁIN A FUARTHAS,

bhain 64 cinn le Saighdiúirí Singil agus Oifigigh Neamhchoimisiúnta agus bhain 5 cinn le hOifigigh. Fuarthas 7 gcinn de na fógraí sin ó chomhaltaí baineannacha nó comhaltaí scortha d'Óglaigh na hÉireann.

TARCHUIREADH

19^{gcás} nua

chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdú iomlán sa bhliain 2017. Áiríodh leo sin cás amháin a tarchuireadh go díreach chuig an Oifig seo. B'ionann é sin agus méadú 18% ar an 22 chás nua a tarchuireadh chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2016.

Chuir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann 32 chás i gcrích sa bhliain 2017.

B'ionann é sin agus méadú 33% ar an líon cásanna a chuir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann i gcrích sa bhliain 2016. Tharraing na Gearánaigh dhá chás eile siar. Áiríodh leo sin ceann amháin a measadh a bheith lasmuigh d'fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Bhí

132 CHÁS

chás, lenar áiríodh atreoruithe roimh an mbliain 2017, faoi athbhreithniú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2017.

Tháinig téarma oifige

an iar-Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann chun deiridh an 6 Samhain 2017 agus bhí folúntas ann sa phost ar feadh an chuid eile den bhliain.

BHÍ 100 CÁS

fós faoi athbhreithniú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2017. B'ionann é sin agus laghdú 11% ón 1 Eanáir 2017.



3

Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc - 2017

Fógraí Gearáin

Fuair an Oifig seo 68 bhFógra Gearáin ó Óglaigh na hÉireann le linn na bliana 2017. Tarchuireadh gearán amháin go díreach chuici freisin, rud a d'fhág go raibh 69 bhFógra Gearáin ann sa bhliain. B'ionann é sin agus laghdú 16% ar an 82 ghearán ar tugadh fógra don Oifig seo fúthu sa bhliain 2016. Ba iad pearsana reatha nó iarphearsana céimeanna eile a rinne 76 cinn de na gearáin sin agus ba iad oifigigh choimisiúnta reatha nó iaroifigigh choimisiúnta a rinne na 6 cinn eile.

De na Fógraí a fuarthas sa bhliain 2017, rinneadh 24 cinn a tharraingt siar nó a réiteach le linn na bliana agus tarchuireadh 15 cinn chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdú. Rinneadh 3 ghearán eile, ar tugadh fógra fúthu sa bhliain 2016, a tharchur chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdú sa bhliain 2017. Tarchuireadh gearán amháin go díreach chuig an Oifig freisin.

Ina theannta sin, fuair an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann 75 theagmháil dhíreacha ó chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó ó dhaoine den phobal maidir le ceisteanna, le hábhair imní nó le hiarrataí ar fhaisnéis. Bhí roinnt teagmhálacha díreacha ann freisin idir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann agus na hÚdaráis Mhíleata agus comhaltaí aonair maidir le cásanna aonair. Ní thaifeadtar teagmhálacha den sórt sin chun críche staidrimh, áfach.

Gearáin a tarchuireadh go díreach chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Ní mór do chomhaltaí reatha de na hÓglaigh Bhuana agus Cúltaca a ngearáin a phróiseáil ar dtús tríd an nós imeachta reachtúil um Shásamh in Éagóracha (alt 114 den Acht Cosanta, 1954) agus ní mór dóibh próiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann a shaothrú ina iomláine sula dtarchuirfidh siad gearán chuig an Oifig seo. Féadfaidh iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearáin a tharchur go díreach chuig an Oifig seo, faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Sa bhliain 2017, níor tarchuireadh ach gearán amháin go díreach chuig an Oifig seo. Fuarthas an gearán ó iaroifigeach coimisiúnta.

Cásanna a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann athbhreithniú orthu sa bhliain 2017

Rinneadh 113 chás a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig seo a thabhairt ar aghaidh an 1 Eanáir 2017. Le linn na bliana 2017, fuair an Oifig seo 19 gcás nua. B'ionann agus 132 chás an líon iomlán cásanna a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig sa bhliain 2017. Cuireadh 32 chás díobh sin i gcrích sa bhliain 2017. Bhí 100 chás fós faoi athbhreithniú an 31 Nollaig 2017 agus tugadh ar aghaidh iad lena mbreithniú sa bhliain 2018. B'ionann é sin agus laghdú 12% ar an líon a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2016.

Sonraí maidir le Gearáin a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann Imscrúdú Orthu sa Bhliain 2017

Leagtar amach sna Táblaí seo a leanas cineál na ngearán a ndearna an Oifig seo breithniú orthu le linn na bliana 2017. Leagtar amach na gearáin de réir grúpa míleata iontu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear le gearáin atá catagóirithe mar 'Drochriarachán' raon saincheisteanna éagsúla a bhain, mar shampla, le gearáin a rinneadh faoi bhreithmheas feidhmíochta agus saincheisteanna a bhain le hurscaoileadh, i measc nithe eile. Áirítear le gearáin atá catagóirithe mar 'Saincheisteanna Idirphearsanta' gearáin ar chosúil go bhfuil coinbhleacht phearsantachta nó líomhaintí go ndearnadh iompar míchuí nó bulaíocht iontu.



Iomlán na gcásanna

Léirítear sa tábla seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh ar an 132 chás le linn na bliana 2017 –

Réamh-Imscrúdú ar Siúl	Cásanna a Cuireadh i gCrích agus Tuarascáil Deiridh a Eisíodh
100	32

Cásanna de réir Grúpa Míleata

Den 132 chás a bhí ar láimh le linn na bliana, leagtar amach sa tábla seo a leanas an líon cásanna a tháinig chun cinn i ngach Grúpa Míleata.

An 1ú Bhriogáid	An 2ú Briogáid	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann	Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann	An tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Iomlán
18	36	9	14	30	25	132

Cineál na gCásanna

Is féidir cineál na gcásanna ar láimh ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le linn na bliana 2017 a mhiondealú sna mórchatagóirí seo a leanas –

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith	Iomlán
45	47	12	8	20	132

Sonraí faoi na Cásanna de réir Grúpa

Leagtar amach sna táblaí agus sna cairteacha seo a leanas cineál na gcásanna a bhí ar láimh le linn na bliana 2017, agus iad miondealaithe de réir Grúpaí Míleata –

An 1ú Bhriogáid – (18)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
7	4	1	2	4

An 2ú Briogáid – (39)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
12	9	8	2	5

Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann – (9)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
2	6		1	

Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann – (14)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
4	2	1		7

An tAerchór – (30)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
18	3	3	3	3

An tSeirbhís Chabhlaigh – (25)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
5	19		1	

Gearáin a nDearna an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann Imscrúdú orthu sa Bhliain 2017


Sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann leis an nGearán	Níor Sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann leis an nGearán *	Sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann go Páirteach leis an nGearán **
Ceann ar bith	30	2

* Áirítear leis an bhfigiúr sin gearáin a bhí lasmuigh de théarmaí tagartha an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann.

** Is é is gearáin ar seasadh go páirteach leo ann ná gearáin inarb amhlaidh nár sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann go hiomlán le cás an ghearánaigh agus cásanna inarb amhlaidh nár seasadh leis an ngearán ach go ndearnadh moladh ina leith ar aon nós.

Moladh an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann don Aire sa bhliain 2017

Ghlac an tAire leis an Moladh	Níor Ghlac an tAire leis an Moladh
28	4



“

Cuireadh 32 chás díobh sin i gcrích sa bhliain 2017. Bhí 100 cás fós faoi athbhreithniú an 31 Nollaig 2017 agus tugadh ar aghaidh iad lena mbreithniú sa bhliain 2018.



4

Buaicphointí 2018

Bhí post an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann folamh ar feadh an chéad leatha den bhliain 2018. Cheap an tUachtarán an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann reatha chuig an Oifig an 6 Iúil 2018 tar éis próiseas comórtais oscailte ar reáchtáil an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí é.

TARCHUIREADH

9

GCÁS NUA

le haghaidh imscrúdú chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2018. B'ionann é sin agus laghdú suntasach 53% ar na 19 gcás nua a tarchuireadh sa bhliain 2017.

Rinneadh

23 CHÁS

a dhúnadh/a chur ar sos tar éis don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann scríobh chuig na gearánaigh.

DE NA 76 FHÓGRA GEARÁIN A FUARTHAS,

bhain 72 cheann le Saighdiúirí Singil agus le hOifigigh Neamhchoimisiúnta agus bhain 4 cinn le hOifigigh.

BHÍ
109

GCÁS SAN IOMLÁN FAOI ATHBHREITHNIÚ AG AN OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH NA hÉIREANN LE LINN NA BLIANA 2018.

Bhí
34 CHÁS

fós faoi athbhreithniú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann an 31 Nollaig 2018.

FUARTHAS

76

FHÓGRA GEARÁIN

sa bhliain 2018, lenar áiríodh ceann amháin ar tharchuir iarchomhalta d'Óglaigh na hÉireann é go díreach chuig an Oifig.

B'ionann é sin agus méadú

10%

ar na 69 bhfógra a fuarthas sa bhliain 2017.

Chuir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann

52 CHÁS

i gcrích le linn na bliana 2018 ó ceapadh é an 6 Iúil 2018 i leith.

5

Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc - 2018

Fógraí Gearáin

Fuair an Oifig seo 76 Fhógra Gearáin ó Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2018. B'ionann é sin agus méadú 10% ar na 69 ngearán ar tugadh fógra don Oifig seo fúthu sa bhliain 2017. Ba iad pearsana reatha nó iarphearsana céimeanna eile a rinne 72 cheann de na gearáin sin agus ba iad oifigigh choimisiúnta reatha nó iaroifigigh choimisiúnta a rinne na 4 cinn eile.

De na Fógraí a fuarthas sa bhliain 2018, rinneadh 46 cinn a tharraingt siar nó a réiteach le linn na bliana agus tarchuireadh 9 gcinn chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdú.

Ina theannta sin, fuair an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann 58 dteagmháil dhíreacha ó chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó ó dhaoine den phobal maidir le ceisteanna, le hábhair inní nó le hiarrataí ar fhaisnéis. Bhí roinnt teagmhálacha díreacha ann freisin idir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann agus na hÚdaráis Mhíleata agus comhaltaí aonair maidir le cásanna aonair. Ní thaifeadtar teagmhálacha den sórt sin chun críche staidrimh, áfach.

Gearáin a tarchuireadh go díreach chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Ní mór do chomhaltaí reatha de na hÓglaigh Bhuana agus Cúltaca a ngearáin a phróiseáil ar dtús tríd an nós imeachta reachtúil um Shásamh in Éagóracha (alt 114 den Acht Cosanta, 1954) agus ní mór dóibh próiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann a shaothrú ina iomláine sula dtarchuirfidh siad gearán chuig an Oifig seo. Féadfaidh iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearáin a tharchur go díreach chuig an Oifig seo, faoi réir cheanglais an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Sa bhliain 2018, níor tarchuireadh aon ghearáin go díreach chuig an Oifig seo.

Cásanna a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann athbhreithniú orthu sa bhliain 2018

Rinneadh 100 cás a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig seo a thabhairt ar aghaidh an 1 Eanáir 2018.



Le linn na bliana 2018, fuair an Oifig seo 9 gcás nua. B'ionann agus 109 gcás an líon iomlán cásanna a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig sa bhliain 2018. Cuireadh 52 chás díobh sin i gcrích sa bhliain 2018. Rinneadh 23 chás a dhúnadh/a chur ar sos tar éis don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann scríobh chuig gearánaigh chun a fháil amach an mbeadh siad ag iarraidh leanúint leis an ngearán uathu nó nach mbeadh. Bhí 34 chás fós faoi athbhreithniú an 31 Nollaig 2018 agus tugadh ar aghaidh iad lena mbreithniú sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus laghdú mór 66% ar an líon a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017.

Sonraí maidir le Gearáin a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann Imscrúdú Orthu sa Bhliain 2018

Leagtar amach sna Táblaí seo a leanas cineál na ngearán a ndearna an Oifig seo breithniú orthu le linn na bliana 2018. Leagtar amach na gearáin de réir grúpa míleata iontu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear le gearáin atá catagóirithe mar 'Drochriarachán' raon saincheisteanna éagsúla a bhain, mar shampla, le gearáin a rinneadh faoi bhreithmheas feidhmíochta agus saincheisteanna a bhain le hurscaoileadh, i measc nithe eile. Áirítear le gearáin atá catagóirithe mar 'Saincheisteanna Idirphearsanta' gearáin ar chosúil go bhfuil coinbhleacht phearsantachta agus líomhaintí go ndearnadh iompar míchuí nó bulaíocht iontu.

Iomlán na gcásanna

Léirítear sa tábla seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh ar na 109 gcás le linn na bliana 2018 –

Imscrúduithe nár Cuireadh i gCrích	Cásanna a Cuireadh i gCrích agus Tuarascálacha a Eisíodh
57*	52

*Is ionann an figiúr agus 34 chás nuair a chuirtear na 23 chás a dúnadh/a cuireadh ar sos san áireamh.

Cásanna de réir Grúpa Míleata

Den 109 gcás a bhí ar láimh le linn na bliana, leagtar amach sa tábla seo a leanas an líon cásanna a tháinig chun cinn i ngach Grúpa Míleata.

An 1ú Bhriogáid	An 2ú Briogáid	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann	Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann	An tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Iomlán
13	30	6	11	28	21	109

Cineál na gCásanna

Is féidir cineál na gcásanna ar láimh ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le linn na bliana 2018 a mhiondealú sna mórchatagóirí seo a leanas –

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith	Iomlán
34	38	14	8	15	109

Sonraí faoi na Cásanna de réir Grúpa

Leagtar amach sna táblaí agus sna cairteacha seo a leanas cineál na gcásanna a bhí ar láimh le linn na bliana 2018, agus iad miondealaithe de réir Grúpaí Míleata –

An 1ú Bhriogáid – (13)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
3	2	1	2	5

An 2ú Briogáid – (30)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
7	6	10	2	5

Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann – (6)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
2	4			

Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann – (11)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
4	2	2		3

An tAerchór – (28)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
18	3	3	3	1

An tSeirbhís Chabhlaigh – (21)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
4	17			

Gearáin a nDearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann Imscrúdú orthu sa Bhliain 2018

Sheas an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann leis an nGearán	Níor Sheas an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann leis an nGearán *	Sheas an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go Páirteach leis an nGearán **
3	33	16

* Áirítear leis an bhfigiúr sin gearáin a bhí lasmuigh de théarmaí tagartha an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

** Is é is gearáin ar seasadh go páirteach leo ann ná gearáin inarb amhlaidh nár sheas an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go hiomlán le cás an ghearánaigh agus cásanna inarb amhlaidh nár seasadh leis an ngearán ach go ndearnadh moladh ina leith ar aon nós.

Moladh an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don Aire sa bhliain 2018

Ghlac an tAire leis an Moladh	Níor Ghlac an tAire leis an Moladh
22	Nil

Tabhair faoi deara: Bhíothas ag fanacht le freagra ón Aire maidir le 30 cás ag an 31 Nollaig 2018

NB: Ní dhéantar moltaí i ngach cás, agus ní dhéantar iad i gcónaí i gcásanna ina seastar go hiomlán nó go páirteach le gearáin.

6

Achoimrí ar Chásanna

Sna hachóimrí seo a leanas ar chásanna, leagtar amach sonraí faoi roinnt de na cásanna a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann imscrúdú orthu le linn na mblianta 2017 agus 2018. Ar mhaithe le rúndacht a choimeád, tarraingítear siar ainm na ngearánach agus faisnéis eile a d'fhéadfaí a úsáid chun iad a aithint. I roinnt cásanna, agus ar an gcúis chéanna, athraíodh roinnt faisnéise fíorasáí.

Achoimre ar Chás 1

Treoir ón Aire - Ceapadh Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile ó aonad difriúil mar Chláraitheoir in Aonad an Ghearánaigh – TI 04/02 ‘Scéim an Airm um Theicneoirí faoi Oiliúint’ – Na critéir le haghaidh iontráil – Ní raibh aon ionchas dlisteanach ann go mbronnfaí ardú céime – Bhí an gearánach i dteideal dul in iomaíocht le haghaidh aon fholúntais ardaithe céime in NCC – Ardú céime

Ní raibh an gearánach sásta leis an dóigh ar chuir an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh rialú ón Aire Cosanta chun feidhme maidir le hOifigeach Neamhchoimisiúnta eile ó aonad difriúil a cheapadh mar Chláraitheoir in NCC (aonad an Ghearánaigh) agus maidir leis an dóigh ar cuireadh an t-ordú ón Aire chun feidhme.

Bhí ceithre ghné i gceist leis an ngearán:

1. Bhain an chéad ghné le ‘ceanglas’ a mhaigh sé a bheith ann suas go dtí an dáta gníomhaíochta, ba é sin, gur ‘ag céim an Mhairnéalaigh Inniúil a thosaigh dul isteach san aonad (NCC) do gach comhalta de NCC le haghaidh cead isteach agus dul chun cinn gairme’. Luaigh sé freisin go raibh sé sin ina ‘cheanglas ar gach iontrálaí roimhe, i dteannta an cheanglais i ndoiciméad TI 16 chun dul ar ais chuig céim an Mhairnéalaigh Inniúil’. Dá bharr sin, mhaigh an Gearánach go raibh sé ina shárú ar na rialacháin nár cuireadh an ceanglas sin i bhfeidhm maidir leis an Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile ar dhul isteach in NCC dó.
2. Ba é an dara gné den ghearán ná gurbh amhlaidh, toisc gur tairgeadh post in NCC don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile, gur imríodh drochthionchar ar chonair gairme an Ghearánaigh agus go ndeachthas i bhfeidhm ar a chuid ceart agus teidlíochtaí faoi na rialacháin, lena n-áirítear na hionchais dhlisteanacha a bhí aige i dtaca le sinsearach, ardú céime agus nithe eile seirbhíse.
3. Ba é an tríú gné den ghearán ná gur mhaigh sé gur

‘dhiúltaigh an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh don iarratas bunaidh ar Shásamh in Éagóracha ón Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile ar an bhforas go mbeadh tionchar míchothrom aige ar na comhaltaí reatha de NCC agus go ndéanfadh sé éagóir ollmhór ar an nGearánach, gan trácht ar chearta dlíthiúla agus teidlíochtaí dlíthiúla’.

4. Ba é an ceathrú gné ná ‘tuairim láidir an Ghearánaigh nárbh fhéidir an cinneadh ar shásamh a thairiscint don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile a dheimhniú trína rá go raibh ar an tSeirbhís Chabhlaigh cloí le cinneadh ón Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (arbh é an tIarratas ar Shásamh in Éagóracha dá dtagraítear i bpointe (3) thuas é). Luaigh an Gearánach ina leith sin gur ‘chuir an tSeirbhís Chabhlaigh in iúl, trí chloí leis an gcinneadh, go raibh sí toilteanach neamhaird a thabhairt ar ionchais dhlisteanacha an Ghearánaigh chun ionchais dhlisteanacha an Oifigh Neamhchoimisiúnta eile a chosaint’, i.e. bhain sí an bonn ó ionchais dhlisteanacha an Ghearánaigh trí ghéilleadh do shásamh a dheonú don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile.

Mar shásamh, d'iarr an Gearánach nach dtabharfaí deis don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile dul in iomaíocht le haghaidh ardú céime laistigh de NCC.

Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata amach gurbh é ‘Scéim an Airm um Theicneoirí faoi Oiliúint’ (TI 04/02) an córas lenar cuireadh an oiliúint agus an t-oideachas ar phearsana chun iad a cháiliú mar

chláraitheoirí in NCC. Bhí ar iarratasóirí ar an scéim sin céim an Cheannaire nó céim 3 Réalta agus seirbhís dhá bhliain ar a laghad a bheith acu. Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara go raibh ar Cheannairí a raibh fonn orthu dul isteach sa scéim dul ar ais chuig céim an tSaighdiúra Shingil – ní dhearnadh tagairt sa scéim do Mhionioifigigh (an post a bhí ag an Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile). Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara gur soláthraíodh le bunú NCC do cheathrar Cláraitheoirí is Mionioifigigh agus do bheirt Chláraitheoirí is Ard-Mhionioifigigh. Ag an am, ní raibh aon fholúntais ann in NCC do Chláraitheoirí is Ard-Oifigigh. D'iarr an Gearánach sásamh ar an mbealach nach '(d)tabharfaí deis don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile dul in iomaíocht le haghaidh aon ardaithe céime sa todhchaí in NCC mura gcomhlíonadh sé na critéir le haghaidh dul isteach in NCC'.

Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara gur pléadh go heisiach i ndoiciméad TI 16 leis na ceanglais le haghaidh dul chun cinn agus ardú céime do chláraitheoirí, ar ceanglais iad nár cheart a mheascadh leo sin le haghaidh dul isteach in NCC.

Cé gur leagadh amach i ndoiciméad TI 16 na ceanglais le haghaidh post mar Chláraitheoir is Mairnéalach Inniúil, fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata nár sonraíodh ann go raibh na ceanglais sin le comhlíonadh go heisiach tríd an Scéim um Theicneoirí faoi Oiliúint. Tháinig sé ar an gconclúid gurbh amhlaidh, beag beann ar an gcleachtas reatha (ina bhfuair formhór na gcomhaltaí de NCC a n-oideachas faoin scéim sin), nach raibh aon cheanglas ann faoin rialachán a d'fhág nach mór do Chláraitheoirí a chuaigh isteach in NCC déanamh amhlaidh mar Mhairnéalach Inniúil agus nach raibh aon cheanglas ann ach oiread nach mór do Chláraitheoirí a chuaigh isteach in NCC a gcáilíochtaí a fháil tríd an Scéim um Theicneoirí faoi Oiliúint amháin.

Ina theannta sin, fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata amach nach raibh seisean ná an Gearánach in ann sainaithint a dhéanamh ar aon chearta nó teidlíochtaí sna rialacháin a ndeachaigh socrú an Oifigigh Neamhchoimisiúnta eile in NCC i bhfeidhm orthu. Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata nach raibh socrú an Oifigigh Neamhchoimisiúnta eile in NCC contrártha d'aon rialachán agus nach raibh 'ionchas dlisteanach' maidir le hardú céime ag aon duine sa tseirbhís, beag beann ar a gcéim agus a sinsearach. Bhí sé den tuairim nach féidir dearbhú a

chur ar áireamh in 'ionchas dlisteanach' i gcás córas roghnúcháin ardaithe céime iomaíoch. Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur ghníomhaigh an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh de réir an rialaithe ón Aire nuair a chuir sé an tOifigeach Neamhchoimisiúnta eile isteach in NCC agus nuair a thug sé teidlíocht dó *'dul in iomaíocht in aon fholúntas ardaithe céime sa todhchaí'*. Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin nach raibh sé de chumhacht ag an gCeannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh a thuilleadh an socrú sin a aisiompú. Níor chuir socrú an Oifigigh Neamhchoimisiúnta eile in NCC cosc ar an nGearánach dul in iomaíocht in aon chomórtas ardaithe céime sa todhchaí. Dá bhrí sin, ní dhearnadh éagóir ar an nGearánach. D'aontaigh an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh le cinntí an Oifigigh Imscrúdaithe Mhíleata.

D'aontaigh an Ceann Foirne leis an Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, agus é ag cinneadh nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach sa ní a ndearnadh gearán faoi. Chinn an Ceann Foirne gur go díreach as an gcinneadh ón Aire a tháinig an t-ordú ón gCeannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh go '(d) tabharfaí deis dó [an tOifigeach Neamhchoimisiúnta eile] dul in iomaíocht le haghaidh ardú céime in NCC'. Chinn an Ceann Foirne gurbh amhlaidh, maidir leis an gcinneadh go ndéanfaí conair gairme in NCC a thairiscint don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile, 'nár sháraigh sé cearta an Ghearánaigh'. Luaigh an Ceann Foirne freisin *'nach bhfuil ionchas dlisteanach ag aon chomhalta d'Óglaigh na hÉireann go dtabharfar ardú céime dó/di i gcúinsí nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar ardú céime'*. Luaigh an Ceann Foirne freisin nach raibh aon chomórtas á réachtáil faoi láthair le haghaidh an fholúntais in NCC.

Ag teacht sna sála ar an toradh ar chomórtas ardaithe céime le haghaidh chéim an Chláraitheora is Ard-Mhionioifigigh in NCC, mar ar cuireadh an tOifigeach Neamhchoimisiúnta eile in áit níos airde ar an Ord Fiúntas ná an Gearánach, d'iarr an Gearánach go gcuirfí an t-iarratas uaidh ar Shásamh in Éagóracha ar aghaidh chuig an Oifig seo.

Tharraing an Gearánach saincheisteanna/ábhair inní nua anuas freisin:

- bhí sé den tuairim nach raibh na cáilíochtaí gairmiúla ag an Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile chun céim an Chláraitheora is Ard-Mhionioifigigh nó céim an Chláraitheora is Mionioifigigh a

bheith aige, faoi mar a leagtar síos i ndoiciméad TI 16 agus i ndoiciméad CS 4;

- bhí imní air faoi na marcanna ísle (1 mharc as 25 mharc) a bronnadh air sa chomórtas sa rannán lenar bhain ‘seirbhís ábhartha ar muir’ i gcúinsí inarbh amhlaidh, de bharr a speisialtóireachta in NCC, nár tugadh deis dó riamh seirbhís a dhéanamh ar muir. Mhaígh sé freisin gur thug sé sin buntáiste míchothrom don Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile, a raibh taithí ar muir aige ina cheapachán roimhe;
- bhí seirbhís níos lú ná 12 mhí in NCC ag an Oifigeach Neamhchoimisiúnta eile, cé go raibh seirbhís níos mó ná 14 bliana aigesean ar obair in NCC.

Tar éis dó an ní seo agus tuairiscí roimhe a bhreithniú, níor thacaigh an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann leis an sásamh a bhí á lorg ag an nGearánach. Ina theannta sin, measadh an tOifigeach Neamhchoimisiúnta eile a bheith i mbun an phoist mar Chláraitheoir is Mionoifigeach ó mhí Feabhra 2008 i leith (agus ní ón mbliain 2011 i leith) de réir

an rialaithe ón Aire. Dá bhrí sin, bhí sé ina chomhalta cáilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar an ardú céime.

Dá ngéillfí dóibh, ba *neamhfhónta ó thaobh riaracháin de, neamhréasúnach agus idirdhealaitheach go míchuí* a bheadh na srianta a bhí á lorg ag an nGearánach. Níor aimsigh an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann, dá bhrí sin, aon fhianaise a thacaigh leis an *ionchas dlisteanach* a bhí ag an nGearánach le haghaidh ardú céime i gcúinsí inar líonadh folúntais tar éis próiseas iomaíoch. Bhí an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh ag gníomhú chun an t-ordú ón Aire a chur chun feidhme in ionad gníomhú ar an moladh (roimhe) ón Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann. Ní raibh aon fhianaise ann ach oiread á léiriú go ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ar aon *‘ionchas dlisteanach’* a bhí ag an nGearánach.

Mar fhocal scoir, dhearbhaigh an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann nach bhfuil aon ról aige i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar an mbeartas ardaithe céime in Óglaigh na hÉireann a ‘chinneadh’ ná ar na nósanna imeachta a ghabhann leis a *‘chinneadh’*.



Achoimre ar Chás 2

Doiciméad AF 667 – Doiciméad AF 667b – Measúnú feidhmíochta - Rátáil ‘mheánach’ – Ionstraim Riaracháin 1/96, Caibidil 13, Iarscríbhinn A – Sínitheoir Iomchuí le Cuid 6 de dhoiciméad AF 667 – Moill ar dhoiciméid AF 667 agus AF 667b a fháil – Aiseolas eatramhach ó bhéal nár taifeadadh – Níor cuireadh ar paráid é

Bhí an gearánach míshásta leis an measúnú a taifeadadh i ndoiciméad AF 667 dá chuid ar a fheidhmíocht, áit a bhfuair sé “os cionn an mheáin” mar rátáil faoi cheann amháin de na ceannuideil, “meánach” faoi 15 cinn de na ceannuideil agus “faoi bhun an mheáin” faoi cheannuideal amháin. “Meánach” a bhí a fheidhmíocht fhoriomlán agus mheas sé gurbh ionann a “Acmhainn le haghaidh Ardú Céime” agus “A uasteorainn a bheith bainte amach aige”.

In ‘Insint’ na tuarascála, luadh gur bhliain í a bhí gnóthach go háirithe agus gur thug sé sin deis don Ghearánach “a eolas, a scileanna eagrúcháin agus fadhbraitigh agus a cheannaireacht a thaispeáint”. Thángthas ar an gconclúid “nár thapaigh an Gearánach an deis”, cé gur chomhlíon sé a dhualgais chomh maith agus ab fhéidir leis. Thug an tOifigeach Tuairiscithe faoi deara freisin go raibh an chuma air go raibh ‘fadhbanna pearsanta’ ag dul i bhfeidhm ar an nGearánach agus go raibh easpa inspreagtha aige. Mhínigh an tOifigeach Tuairiscithe an tuairim maidir le hardú céime, á rá go raibh “an chuma air, bunaithe ar a fheidhmíocht an bhliain sin, gur bhain sé a uasteorainn mar Oifigeach Neamhchoimisiúnta amach”. Dhiúltaigh an Gearánach go hiomlán do na tuairimí a chuir a Oifigeach Tuairiscithe in iúl.

D’aontaigh an tOifigeach Ceannais leis an tuarascáil ón Oifigeach Tuairiscithe agus thug sé ‘Meánach’ mar Mheasúnú Feidhmíochta Deiridh don Ghearánach. Níor chuir a Oifigeach Ceannais an Gearánach ar paráid. D’iarr an Gearánach na nithe seo a leanas mar shásamh:

- Go ndéanfaí doiciméad AF 667 dá chuid a bhaint dá thaifead agus go ndéanfaí doiciméad nua a ullmhú agus a chur in ionad dhoiciméad reatha AF 667 agus go mbainfí aon tagairt á rá go raibh a uasteorainn bainte amach aige;
- Go gcuirfí na tuairimí i ndoiciméad AF 667 dá chuid ar comhréim leis na teoracha a thugtar sa rannán dar teideal ‘Cuspóirí AF 667’ le haghaidh Tuarascálacha Bliantúla a thiomsú, rud a thugtar in Ionstraim Riaracháin 1/96, Caibidil 13, Iarscríbhinn A;
- Go mbainfí doiciméad AF 667 dá chuid dá thaifid agus go n-ullmhófaí doiciméad nua chun

na cúraimí a cuireadh ar an nGearánach sa tréimhse sin a léiriú, toisc nár tugadh aon aiseolas eatramhach dó trí dhoiciméad AF 667b;

- Ba cheart d’Oifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa, agus ní an tOifigeach Ceannais um Riarachán, a bheith ar an sínitheoir le Cuid 6 de dhoiciméad AF 667 dá chuid. Ós rud é go raibh an tOifigeach Tuairiscithe níos sinsearaí ná a Oifigeach Ceannais, áfach, ní dócha go n-aisiompódh a Oifigeach Ceannais a raibh sa tuarascáil ón Oifigeach Tuairiscithe.

Cé go raibh roinnt aimhrialtachtaí níos imeachta ann, tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an tuairim nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach i dtaca leis na gearáin uaidh. Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara freisin go raibh rátáil ‘Mheánach’ ag doiciméad AF 667 dá chuid agus nár thuarascáil ródhiúltach í sin. Níor tugadh le fios inti ach oiread gur faoi bhun an mheáin nó easnamhach a bhí obair an Ghearánaigh. Chuir an Gearánach in iúl don Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin go raibh sé rí-mhíshásta leis an moill a bhí ar dhoiciméad AF 667 dá chuid a fháil.

D’aontaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas go ginearálta leis na conclúidí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, agus é ag cinneadh nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. D’aontaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas leis an Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata sa dóigh is nach raibh aon mholtaí le haghaidh feabhas pearsanta ann sa mheasúnú, rud a bheadh ag teacht leis an dea-chleachtas. Chinn an Ginearálóifigeach i gCeannas gurbh fhearr dá gcuirfí an Gearánach ar paráid le linn na tréimhse tuairiscithe agus chuir sé in iúl gur ní don Oifigeach Tuairiscithe é a fheidhmíocht. Thug an Ginearálóifigeach i gCeannas gur fhág an measúnú feidhmíochta foriomláine ‘Meánach’ gur chomhlíon a fheidhmíocht na hionchais a socraíodh dó. Ba dheimhin leis an nGinearálóifigeach i gCeannas gur cheart doiciméad AF 667 de chuid an Ghearánaigh a choinneáil ar chomhad pearsanta an Ghearánaigh mar thaifead ar a sheirbhís sa tréimhse tuairiscithe sin. Ghlac an Ginearálóifigeach i gCeannas an moladh ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur cheart d’Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh é a chur ar paráid a luaithe is féidir, gur cheart cead a thabhairt

dó Cuid 6 de dhoiciméad AF 667 dá chuid a léamh agus gur cheart deis a thabhairt dó freagra a thabhairt i gcomhréir le hIonstraim Riaracháin 1/96, Caibidil 13, Iarscríbhinn A. Thug an Ginearálóifigeach i gCeannas ordú go gcuirfí an Gearánach ar paráid, go gcuirfí ábhar an rialaithe uaidh in iúl don Ghearánach agus go dtabharfaí cóip den rialú uaidh agus den tuarascáil ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata don Ghearánach.

D'aontaigh an Ceann Foirne leis an gconclúid ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, agus é ag cinneadh nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. D'aontaigh sé leis an nGinearálóifigeach i gCeannas freisin gur cheart an Gearánach a bheith curtha ar paráid ag a Oifigeach Ceannais agus gur cheart deis a bheith tugtha don Ghearánach aon tuairimí breise ba mhaith leis a thabhairt i gCuid 7 de dhoiciméad AF 667 dá chuid a chur léi. Maidir le saincheist an tsínitheora le Cuid 6, d'aontaigh an Ceann Foirne leis an nGinearálóifigeach i gCeannas agus leis an Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gurbh amhlaidh sa chás seo gurbh iad an tOifigeach Tuairiscithe ceart cuí agus an tOifigeach Ceannais ceart cuí a chomhlánaigh an Fhoirm.

Luaigh an Gearánach freisin go raibh moill ocht mí ann ar an tuarascáil a fháil agus nár tugadh doiciméad AF 667b dó ar bhealach tráthúil, rud a bheadh ina rabhadh dó faoina dhrochfheidhmíocht.

Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach bhfuair an Gearánach aon aiseolas trí chur ar paráid go foirmiúil ná trí dhoiciméad AF 667b. Mar sin féin, deimhníodh don Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur thug an tOifigeach Tuairiscithe aiseolas neamhfhoirmiúil ó bhéal don Ghearánach, lenar áiríodh maidir le cúraimí nár cuireadh i gcrích, leis an ngá le cruinneas agus amlínte le haghaidh obair a chur i gcrích, agus leis na caighdeáin a mbítear ag súil leo ó Oifigeach Neamhchoimisiúnta dá chéim. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid gur cheart taifead foirmiúil i scríbhinn ar aon chur ar paráid a rinneadh a bheith déanta i dtaca le feidhmíocht an Ghearánaigh.

Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach i ndáil le ceann ar bith de na ceithre fhoras a sainithníodh sa ghearán uaidh. Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, áfach, nárbh fhéidir glacadh le doiciméad AF 667 a sheachadadh go mall agus gur laghdaigh sé sin an t-am a bhí ag an nGearánach chun a laigí a cheartú nó a bhreithniú. Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin nár chuir Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh an Gearánach ar paráid chun deis a thabhairt dó a thuairimí breise a chur le Cuid 7 de dhoiciméad AF 667 dá chuid don bhliain 2012 – mhol an tOifigeach

Imscrúdaithe Mhíleata go dtabharfaí aghaidh ar an ní sin a luaithe is féidir. Mhol an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur cheart tuilleadh béime a leagan ar thuarascálacha AF 667 a chomhlánú go tráthúil ar fud Óglaigh na hÉireann. Mhol an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin gur cheart treoirilínte a fhorbairt maidir le doiciméid eatramhacha AF 667b agus maidir le cén uair ba cheart iad a chomhlánú.

Ní raibh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann in ann údar a aimsiú le seasamh leis na gearáin a rinne an Gearánach faoin measúnú a rinneadh air. Dheimhnigh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann gur thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata tuarascáil neamhspleách toisc gur aimsigh sí neamhhrialtachtaí nós imeachta agus easnaimh agus gur mhol sí go ndéanfaí iad a réiteach/a athrú. Níor sheas an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann leis na gearáin a rinneadh agus ní mholann sé ceann ar bith de na cineálacha sásaimh a d'iarr an Gearánach.

Maidir leis an moill ar dhoiciméad AF 667 de chuid an Ghearánaigh a thabhairt chun críche, chinn an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go raibh an mhoill sin contrártha do riarachán cóir nó fóna. Mhol sé go bhfaigheadh an Gearánach leithscéal oiriúnach óna Oifigeach Ceannais nó ó oifigeach sinsearach i Rannóg Acmhainní Daonna an Ghrúpa agus go ndéanfaí bearta chun a chinntiú go gcomhlíonfaí na treoirilínte ama le haghaidh dhoiciméid AF 667 sa todhchaí. Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara nár tugadh tuilleadh sonraí faoi na 'fadhbanna pearsanta' a luadh dhá uair sa tuarascáil agus nach ndearna an Gearánach a dheimhniú ná a shéanadh go raibh na fadhbanna pearsanta sin ann. Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara freisin nár fhéach an Gearánach leis na fadhbanna sin a úsáid mar leithscéal as a mheasúnú feidhmíocht a bheith níos measa ná a bhíodhas ag súil leis. Chinn an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann freisin nach rabhtas in ann a mheas gur tuarascáil 'Mhíshásúil' í an tuarascáil deiridh, cé gur tugadh rátáil 'Mheánach' don Ghearánach inti. Dá bhrí sin, ní raibh sé soiléir cé acu a bhí nó nach raibh doiciméad AF 667b ag teastáil. Ar bhreathnú siar, áfach, bheadh sé ina chabhair don Ghearánach dá mba rud é go raibh sé in ann díriú (nó athdhíriú) air agus aghaidh a thabhairt ar réimsí a mbeadh sé in ann feabhsú iontu. Chinn an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go ndearnadh bearta sásúla cheana féin, nó gur bheartaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas agus an Ceann Foirne iad ina gcinntí meáite cheana féin, chun leigheas, maolú nó athrú a dhéanamh ar an tionchar díobhálach ar an nGearánach a bheadh ag ceann ar bith de na heasnaimh nós imeachta a sainithníodh sa tuarascáil sin.

Achoimre ar Chás 3

Na hÓglaigh Cúltaca – Urscaoileadh – Urscaoileadh as na hÓglaigh Cúltaca as neamhghníomhaíocht a dearbhaíodh ina dhiaidh sin a bheith ar neamhní – Liúntais champa agus aisce – Modhanna le haghaidh eolas a thabhairt faoi oiliúint do chomhaltaí de na hÓglaigh Cúltaca – Cláir neamhéifeachtacha – Dlínsé – Teorainn ama – An tAcht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, alt 5 – Rialachán R5 ó Óglaigh na hÉireann, míreanna 39, 40, 49, 50, 71, 75 agus 91

D'iarr an Gearánach sa chás seo teidlíochtaí campa agus aisce a aisghabháil as na trí bliana a raibh sé urscaoilte as na hÓglaigh Cúltaca lena linn. Mhaígh an Gearánach nár iarr sé urscaoileadh riamh agus, tar éis d'Óglaigh na hÉireann fiosrú a dhéanamh ar an nÍ, dearbhaíodh a urscaoileadh a bheith ar neamhní ab initio toisc nach rabhthas in ann aon iarratas pearsanta ar urscaoileadh a aimsiú.

D'iarr an Gearánach ansin go n-íocfaí liúntais champa agus aisce leis as na trí bliana a raibh sé urscaoilte lena linn. Ní raibh an Gearánach gníomhach sna hÓglaigh Cúltaca le linn na tréimhse sin. Luaigh Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh nár chomhlíon an Gearánach na ceanglais a leagtar amach i mír 91 de Rialachán R5 ó Óglaigh na hÉireann toisc nár chuir sé tréimhse leanúnach oiliúna seacht lá i gcrích le linn na mblianta a raibh sé ag iarraidh na liúntais a aisghabháil ina leith. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid freisin nach raibh sé i dteideal íocaíocht a fháil as dualgais nár chomhlíon sé toisc nár fhreastail sé ar oiliúint ná ar champa. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid freisin nár cháiligh an Gearánach le haghaidh aisce a fháil faoi mhír 91 de Rialachán R5 ó Óglaigh na hÉireann toisc nár chuir sé an íostréimhse oiliúna seacht lá a bhforáiltear di i mír 40 i gcrích. Tháinig Oifigeach i gCeannas an Ghrúpa ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach agus tháinig an Ceann Foirne ar an gconclúid gur tríd an nGearánach a athfhostú a réitíodh aon éagóir ina urscaoileadh. Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata agus an Ceann Foirne araon faoi deara go raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an modh trína dtugtar eolas faoi oiliúint atá le teacht do chomhaltaí de na hÓglaigh Cúltaca. Thug an Ceann Foirne ordú go ndéanfaí cigireacht ar chláir neamhéifeachtacha sna hÓglaigh Cúltaca agus go n-athbhreithneofaí na rialacháin maidir le heolas a thabhairt faoin oiliúint atá le teacht do phearsana.

D'iarr an Gearánach go dtarchuirfí an gearán uaidh chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Thug



an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara gur tréimhse shuntasach ama tar éis na teorann reachtúla 12 mhí ón dáta a tháinig an Gearánach ar an eolas faoina urscaoileadh a tarchuireadh an gearán chuig an Oifig. Dá bhrí sin, tháinig an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann ar an gconclúid nach faoina dhlínse a bhí an gearán ón nGearánach maidir lena urscaoileadh. Pé scéal é, thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara go bhféadfadh gur bheart sásúil chun leigheas, maolú nó athrú a dhéanamh ar an tionchar díobhálach a bhí ag an ngníomh a ndearnadh gearán faoi é an post a thabhairt ar ais don Ghearánach gan sárú seirbhíse agus ag an gcéim chéanna agus gur leigheas leordhóthanach é sin freisin.

A mhéid a bhaineann sé leis an ngearán uaidh faoi neamhiocaíocht, d'fhéadfaí a mheas gur ghníomh leantach é sin ón uair a tháinig sé ar an eolas faoina urscaoileadh. Dá bhrí sin, bhí an ní sin faoi dhlínse an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara gur leagadh ceanglas síos i mír 75 de Rialachán R5 ó Óglaigh na hÉireann go bhfreastalófaí ar chúrsaí oiliúna, teagaisc nó rannpháirtíochta maidir le dualgais slándála chun go mbeadh comhalta i dteideal pá agus aiscí a fháil. Ós rud é nár chomhlíon an Gearánach na critéir sin toisc a neamhghníomhaíochta sna hÓglaigh Cúltaca le linn na tréimhse iomchuí, ní dhearnadh éagóir air. Mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann, áfach, go ndéanfaí an tAire breithniú ar iarraidh ar an gCeann Foirne tuarascáil leantach a thabhairt ar aon ghníomhartha arna ndéanamh de bharr an ghearáin.

Achoimre ar Chás 4

Cúrsa Cuntasaíochta Lóistíochta – Critéir mharcála – Bhí modheolaíochtaí difriúla in úsáid ag Ceannasaithe Aonaid difriúla – Difríocht sna marcanna a bronnadh i gcomparáid leis an taithí iarbhair – Níor míníodh na marcanna a bronnadh ar iarrthóirí – An raibh nó nach raibh sé amhlaidh gur cinneadh treallach é seirbhís thar lear sa chéim ghníomhach a eisiamh de bharr teorainn ama – An raibh nó nach raibh na critéir comhsheasmhach

Rinneadh an gearán seo nuair nár roghnaíodh an Gearánach le haghaidh áit ar Chúrsa Cuntasaíochta Lóistíochta. Mhaígh an Gearánach gur marcáladh é go míchothrom faoi roinnt ceannteideal agus go raibh an comórtas faoi réir córas marcála a bhí neamh-chomhsheasmhach agus neamhrialáilte. D'iarr an Gearánach go dtairgfí áit sa chéad chúrsa comhchosúil eile dó, beag beann ar aon athruithe a thiofadh ar na critéir cháilíochta idir an dá linn (is é tuiscint an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann gur éirigh leis an nGearánach an cúrsa i gceist a chur i gcrích tar éis dó an gearán uaidh a thionscnamh). Chomh maith leis sin, cháin an Gearánach, agus cúis mhaith aige, an mhoill a bhí ar chur i gcrích an imscrúdaithe ar an gcás ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur chosúil go raibh modheolaíochtaí difriúla in úsáid ag Ceannasaithe Aonaid agus iad ag measúnú iarrthóirí. Luaigh sé gurbh é an toradh a bhí air sin gur bhronn a gCeannasaithe Aonaid marcanna níos airde ar roinnt iarrthóirí a raibh níos lú taithí agus tréimhse seirbhíse níos giorra acu ná a bhí aige, rud a d'fhág gur bronnadh torthaí difriúla i dtaca leis na critéir chéanna. Tháinig sé ar an gconclúid go raibh difríocht mhór ann idir na marcanna a bronnadh agus na modhanna/na critéir a úsáideadh chun na marcanna sin a bhronnadh ar na hiarrthóirí lenar bhain. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid go raibh neamhréir ann idir an mhodheolaíocht a bhí in úsáid ag leibhéal an Aonaid agus an mhodheolaíocht a bhí in úsáid ag leibhéal na Briogáide/an Údaráis Roghnúcháin agus go roghnófaí an Gearánach le haghaidh áit ar Chúrsa Cuntasaíochta Lóistíochta dá mba rud é gurbh airde a mharcanna sna réimsí conspóideacha. Chinn sé go ndearnadh éagóir ar an nGearánach dá bharr.

D'aisiompáigh Ginearálóifigeach i gCeannas an Ghearánaigh formhór na gcinntí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata agus chinn sé nach ndearnadh aon éagóir ar an nGearánach. Is amhlaidh, áfach, gur chuir sé roinnt tuairimí agus moltaí in iúl.

Chomh maith leis sin, thug sé ordú don Oifigeach Lóistíochta i 1ú Bhriogáid an Deiscirt na nósanna imeachta roghnúcháin a athbhreithniú, agus aird ar leith le tabhairt ar thaithí thar lear agus scéimeanna marcála, agus breathnú go fabhrach ar aon iarratas a dhéanadh an Gearánach ar an gcúrsa i gceist sa todhchaí. D'aontaigh an Ceann Foirne leis an gcuid is mó a bhí sa Tuarascáil ón nGinearálóifigeach i gCeannas. Mar sin féin, thug sé faoi deara gur leagadh béim sa ghearán ar fhadhb sa doiciméad reatha maidir le pearsana a roghnú le haghaidh cúrsaí gairme agus gur faoi athbhreithniú ag an am a bhí an Litir Ordaithe ón Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht, dar dáta an 31 Iúil 2006.

Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann na cinntí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara, mar aon leis an bhfíric nár cheistigh an Ginearálóifigeach i gCeannas iad go sonrach sa tuarascáil uaidh ar an ní. Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara freisin gur cháin an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata nár bronnadh aon mharcanna ar chor ar bith ar an nGearánach as a sheirbhís trí mhí le TChad mar Cheathrúsháirsint Complachta. Níorbh fhéidir a rá gur cháineadh neamhréasúnach é toisc gur cheart aitheantas go pointe éigin a thabhairt ó thaobh marcanna de as seirbhís trí mhí i Sead. Bhí an chuma air gur measartha treallach a bhí an scoithphointe ceithre mhí agus gur fhág sé go ndearnadh neamhaird de thaithí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, agus í i gcomparáid le seirbhís den sórt sin a mhair níos mó ná ceithre mhí.

Luaigh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann freisin go raibh imní air faoi na cinntí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata maidir leis an difríocht sna modheolaíochtaí marcála a bhí in úsáid ag Ceannasaithe Aonaid, rud a léirigh go raibh mífhéidhmiú ann sa chóras marcála mar a bhí sé ag an am. Fianaise eile á léiriú go raibh an córas marcála mífhéidhmiúil go pointe éigin ar a laghad ba ea an tagairt a rinne an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata do “lear samplaí” de mharcanna arda a bheith á bhfáil

ag iarrthóirí gan míniú a thabhairt orthu ná údar a thabhairt leo a bheith le feiceáil sa cholún ‘Nótaí’ de na doiciméid mheasúnachta.

Chinn an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann gur mhí-oiriúnach don fheidhm a bhí an córas marcála le haghaidh an chúrsa ar leith seo agus gur theip air measúnú leordhóthanach cothrom a dhéanamh ar an iarratas ón nGearánach ar an gcúrsa. Ní rabhthas in ann an córas marcála a úsáid chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun

roghnú cothrom iarrthóirí ar an gcúrsa a chumasú toisc na neamhréireachtaí ar thagair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata dóibh. Ós rud é go ndeachaigh thart ar 6 bliana thart ón uair a tháinig an gearán chun cinn, bhí an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann ag súil go ndearnadh bearta chun a chinntiú go gceartófaí na lochtanna agus na neamhréireachtaí ar shainaithin an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata iad sa Tuarascáil uaidh. Mura rud é go ndearnadh amhlaidh go fóill, mhol an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann go ndéanfaí na bearta sin.



Achoimre ar Chás 5

An tAerchór – Dualgais eitilte – Cúram liachta lasmuigh d’Óglaigh na hÉireann – Oibriochtaí Eitilte Sábháilte

Chuir an Gearánach, ar Oifigeach Eitilte ar chéim an Chaptain é, in aghaidh a bhainte ó dhualgais eitilte agus in aghaidh an bhealaigh a baineadh é. Líomhain sé go raibh sé ina “bhaint éagórach ó dhualgais eitilte agus nach raibh aon údar leis”. Mar shásamh, d’iarr sé go dtabharfaí dualgais eitilte ar ais dó “lom láithreach”.

Rinneadh an gearán tar éis rud ar thug an Gearánach “scrúdú neamhchaighdeánach liachta sa bhliain 2009” air agus tar éis iarraidh go mbeadh scrúdú liachta á dhéanamh ag dochtúir nárbh é an tOifigeach Liachta a bhí ainmnithe chun an scrúdú liachta a dhéanamh é, rud nach raibh faoi réir iarratas ar shásamh in éagóracha. Bhí an gearánach míshásta leis an dóigh ar déileáladh leis an ní sin, agus chuir sé na hábhair imní a bhí aige in iúl roinnt uaireanta idir an bhliain 2009 agus an bhliain 2015. Líomhain an Gearánach gurbh ionann agus forcheilt, go bunúsach, an tuarascáil a eisíodh (laistigh d’Óglaigh na hÉireann) i dtaca leis an ní.

Ceapadh Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ach chinn sé sa deireadh nach raibh sé in ann cinneadh a dhéanamh ar an ní. Ní raibh sé in ann a chinneadh go háirithe an raibh nó nach raibh údar ann le gníomhartha Oifigeach i gCeannas an Ghearánaigh agus ní raibh sé in ann a chinneadh ach oiread an raibh nó nach raibh sé folláin chun eitilt.

Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata go ndearnadh éagóir ar an nGearánach maidir leis an mbealach a tugadh mionsonraí dó faoina bhaint ó dhualgais eitilte agus maidir leis an gcumarsáid a rinneadh leis tar éis thorthaí dearfacha an scrúdaithe liachta a rinne Oifigeach Liachta air agus tar éis na conclúide ón Oifigeach Liachta “nach ann d’aon chúis liachta nach bhfuil sé folláin chun a dhualgais a chomhlíonadh”. Mhol an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata go dtabharfaí don Ghearánach “míniú mionsonraithe ar na cúiseanna nach bhfuiltear ag tabhairt dualgais eitilte dó”.

D’aontaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas leis an Tuarascáil agus an Chonclúid ón Oifigeach



Imscrúdaithe Mhíleata den chuid ba mhó. I dtaca leis an tsaincheist shubstainteach a bhain leis an gcinneadh go mbainfí an Gearánach ó dhualgais eitilte, chinn an Ginearálóifigeach i gCeannas nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Chuir an Ceann Foirne in iúl gur aontaigh sé “go hiomlán” leis na cinntí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata. Mar sin féin, cháin sé uainiú an chinnidh go gcuirfí an Gearánach ar fionraí ó dhualgais eitilte agus ghabh sé leithscéal ó chroí leis an nGearánach as sin.

Mhínigh an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann gurb ionann an cinneadh ar fholláine píolótaí chun eitilt agus cinneadh nach mór critéir ábhartha a chur san áireamh ann chun sábháilteacht an phobail a chinntiú, lena n-áirítear sábháilteacht na ndaoine ar bhord an aerárthaigh agus sábháilteacht na bpíolótaí iad féin, agus ar cheart gan dul sa seans ina leith más gá. Gné riachtanach den ghairm is ea scrúduithe liachta a dhéanamh ar phíolótaí ar bhonn rialta. Maidir leis an measúnú a ndearna an tOifigeach Liachta é, bhí sé bunaithe ar ghnáthscrúdú liachta a bhí bunaithe ar an bhfaisnéis liachta ar chuir an Gearánach í ar fáil agus níor eisiadh uaidh breithniúcháin ábhartha eile sa mheasúnú ar a fholláine chun eitilt (agus ní rabhtas in ann déanamh amhlaidh ach oiread).

Chinn an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann nach rabhtas in ann seasamh leis an ngearán ón nGearánach agus d’aontaigh sé leis an gconclúid ar tháinig Óglaigh na hÉireann uirthi maidir leis an teip tosaigh a bhí orthu na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl don Ghearánach. Réitíodh an fhadhb cumarsáide ina dhiaidh sin. Thug an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann faoi deara gur chun críocha oibriúcháin agus sábháilteachta i dtaca le tréimhse shonrach ama (thart ar thrí mhí) a rinneadh an cinneadh go gcuirfí an Gearánach ar fionraí ó eitilt. Níor dícháilíodh é mar phíolóta go deo agus bhí an deis aige eitilt a thosú an athuair tar éis dó éirí as Óglaigh na hÉireann, faoi réir chomhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le heitlíocht shibhialta go ginearálta, lena n-áirítear measúnú liachta.

Achoimre ar Chás 6

Cúrsa Oiliúna – Glacadh leis an iarratas ón nGearánach agus d'éirigh leis sa triail inniúlachta – Tarraingíodh an tairiscint chun agallaimh siar – Níor mhol oifigigh uachtaracha an Ghearánaigh é roimh an triail inniúlachta – An Treoir ón gCeannasaí Grúpa sa bhliain 2009 – Chuir Óglaigh na hÉireann moill ar an iarratas ar Shásamh in Éagóracha a tharchur – Fógraíodh an cúrsa lasmuigh den Ghrúpa – Fógraíodh an cúrsa gan choinníoll – Earráid riaracháin

Ní raibh an Gearánach sásta gur eisiadh é ó fhreastal ar agallamh le haghaidh cúrsa oiliúna míleata ar leith a bhí le seoladh ag Grúpa Seirbhíse eile de chuid Óglaigh na hÉireann. Sa chás seo, rinne an Gearánach iarratas ar an gcúrsa tar éis dó cuireadh a fháil déanamh amhlaidh agus d'éirigh leis sna trialacha inniúlachta. Cé nár mhol a Oifigeach Ceannais é le haghaidh an chúrsa, cuireadh an Gearánach ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh. Mar shásamh, d'iarr an Gearánach go dtabharfaí deis dó agallamh a dhéanamh ar mhaithe le háit a fháil ar an gcúrsa.

Níor mhol na hoifigigh uachtaracha ina Ghrúpa Seirbhíse féin é toisc gur roghnaíodh an Gearánach cheana féin le haghaidh cúrsa oiliúna costasach fada mar Ríomhchláraitheoir. Mheas a oifigigh uachtaracha go raibh na scileanna a ghnóthaigh sé ar chostas suntasach i ngannchúis sa Ghrúpa agus gur chur amú acmhainní teoranta daonna agus airgeadais a bheadh in oiliúint chostasach fhairsing a chur air i ndisciplín eile ar fad. Mheas siad freisin go mbeadh sé sin contrártha d'aon choincheap réasúnach maidir le luach ar airgead a bhaint amach don cháiníocóir. Dá ainneoin sin, cuireadh an t-iarratas ón nGearánach ar an gcúrsa ar aghaidh chuig an nGrúpa eile agus tugadh cuireadh dó tabhairt faoin triail inniúlachta. D'éirigh leis sa triail sin. Ina dhiaidh sin, fuair an Gearánach fógra ó bhéal agus le ríomhphost araon ó Oifigeach Neamhchoimisiúnta sinsearach óna Ghrúpa féin go raibh sé le freastal ar an agallamh. Dhá lá ina dhiaidh sin, fuair an Gearánach ríomhphost ó oifigeach sinsearach óna Ghrúpa féin. Ba é a bhí ag gabháil leis an ríomhphost sin ná ríomhphost ón Oifigeach i gCeannas in Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte, inar leagadh amach ordú ón Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) nach gcuirfí agallamh ar an nGearánach don chúrsa. Bhí feidhm ag an ordú maidir leis an mbeirt iarratasóirí eile ó Ghrúpa an Ghearánaigh freisin. Níor tugadh aon chúis leis an ordú sin don Ghearánach ag an am. Fuarthas amach ansin gur ordaigh an Ceannasaí Grúpa: *'Níor cheart d'Oifigigh Cheannais iarratasóirí a mholadh*

lena n-aistriú ná le haghaidh cúrsaí ar dá mbarr a aistreoidh siad chuig [Grúpaí Seirbhíse eile]. Ní cheadófar aistrithe daoine aonair ar fhorais atruacha ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.' Dúirt sé freisin go dtaifeadfaí 'riachtanais na Seirbhíse' a bheith mar chúis leis an diúltú don iarratasóir a mholadh. Le linn an ní a imscrúdú, thángthas ar threoir ón gCeannasaí Grúpa sa bhliain 2009 inar ordaíodh d'Oifigigh Cheannais gan pearsana a mholadh le haghaidh cúrsaí ar dá mbarr a d'aistreodh siad amach as an nGrúpa Seirbhíse lena mbaineann. Ba é an aidhm a bhí leis an treoir ná aon tionchar diúltach ar chumas oibriúcháin an Ghrúpa a sheachaint, athruithe foirne a chosc agus a chinntiú nach gcaillfeadh an Grúpa eochairsceileanna fadtéarmacha a gnóthaíodh ar chostas mór. Bhí an cinneadh ón Oifigeach Ceannais diúltú don iarratas ón nGearánach a mholadh ag teacht leis an treoir. Ós rud é nár moladh an Gearánach ar fhorais bheartais agus de bharr 'riachtanais na seirbhíse', thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara go raibh 'cliseadh' ann nuair a gaireadh an Gearánach chun an triail inniúlachta a dhéanamh. Cé gur cuireadh an Gearánach ar an eolas faoi na tosca beartais agus riachtanas araon a bhí taobh thiar den chinneadh, thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara gur mheas an Gearánach go raibh forlámhas ag an gcuireadh chun an triail inniúlachta a dhéanamh ar na tosca beartais agus riachtanas sin. Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata amach gur soiléiríodh an cor don Ghearánach sa treoir ón Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht). Thug sé faoi deara gur luaigh an Gearánach nach raibh sé ag caitheamh amhras ar an gceart a bhí ag an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) ordú den sórt sin a thabhairt. Bhraith sé, áfach, gur cheart dó an scéal a mhíniú dó. Níor ghlac an Gearánach leis go raibh a fhostaíocht in Óglaigh na hÉireann bunaithe ar a fhostaíocht ina Ghrúpa Seirbhíse, mar a míníodh dó. Bhraith an Gearánach freisin nár cheart an easpa foirne a bhí ann ag an am ná cor na bpearsana ar caitheadh méid mór airgid agus ama ar a gcáilíocht a chur san áireamh le linn measúnú a dhéanamh ar iarratas ar chúrsa ar dá bhun

a d'fhéadfadh sé aistriú amach as a Ghrúpa Seirbhíse. Bhí an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata den tuairim nach ndearnadh aon éagóir ar an nGearánach. D'aontaigh an Ceannasaí Grúpa Seirbhíse leis na cinntí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata. Tríd is tríd, d'aontaigh an Ceann Foirne leis na conclúidí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata agus chinn sé nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Bhí moill seacht mí ann ar an iarratas ar Shásamh in Éagóracha a chur ar aghaidh chuig an Oifig seo. Cuireadh an mhoill sin i leith 'earráid riaracháin', ar ina leith a eisíodh leithscéal iomlán chuig an nGearánach agus a rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta oifige chun a chinntiú nach dtarlódh moill den sórt sin arís.

Mar fhreagairt don chuireadh a thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann do na húdaráis mhíleata a chur in iúl cé acu a foilsíodh nó nár foilsíodh aon srianta nó aon choinníollacha breise d'iarratasóirí ar an gcúrsa – amhail riachtanais oibriúcháin, easnaimh scileanna agus srianta ar aistrithe idir Grúpaí – nuair a fógraíodh an cúrsa in orduithe gnáthaimh, dheimhnigh na húdaráis mhíleata 'nach cosúil gur foilsíodh aon srianta den sórt sin'. Dheimhnigh na húdaráis mhíleata gur leagadh srianta den sórt sin síos sa treo a d'eisigh an Ceannasaí Grúpa sa bhliain 2009. Ghlac na húdaráis mhíleata leis gurbh é 'an gníomh ba cheart a dhéanamh ag an am ná an cúrsa a fhógairt in orduithe gnáthaimh agus srianta breise a leagan síos iontu'. Dheimhnigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur 'chuir a Oifigeach Ceannais agus a Cheannasaí Aonaid an Gearánach ar an eolas faoin mbeartas a eisíodh sa bhliain 2009, faoi na riachtanais a bhí ann ag an am agus faoi na cúiseanna nár moladh an t-iarratas uaidh'.

D'inis na húdaráis mhíleata don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann nach raibh aon srian ag gabháil leis an iarratas ón nGearánach ar an gcúrsa nuair a cuireadh an t-iarratas ar aghaidh chuig an nGrúpa eile. D'inis siad freisin, áfach, gur tugadh le fios san iarratas nár moladh an Gearánach le haghaidh an chúrsa. Ghlac na húdaráis mhíleata leis gur tháinig mearbhall as an gcinneadh an t-iarratas a chur ar aghaidh. Mar sin féin, cuireadh deireadh leis an mearbhall nuair a d'eisigh an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) an treo uaidh go gairid ina dhiaidh sin. Níor míníodh don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cén fáth nár cuireadh stad le hiarrthóireacht an Ghearánaigh roimh an triail inniúlachta. Dúirt na húdaráis mhíleata gur dhócha gurbh eol d'oifigigh

uachtaracha an Ghearánaigh ag an am gur tugadh cuireadh dó freastal ar thrialacha inniúlachta. Mar sin féin, ní raibh siad in ann an ní a shoiléiriú mar gheall ar an am a chuaigh thart agus ar na hathruithe foirne a rinneadh ó shin i leith. Chuir na húdaráis mhíleata in iúl go soiléir gur 'chuir a oifigigh uachtaracha an Gearánach ar an eolas faoin neamh-mholadh, faoin mbeartas a bhí i bhfeidhm agus faoi riachtanais na seirbhíse ag an am sular tugadh cuireadh dó freastal ar na trialacha inniúlachta'.

Theip ar an nGearánach freagra a thabhairt ar an gceist ón Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh é ar an eolas faoi na cúiseanna nár ceadáíodh dó dul ar aghaidh lena iarrthóireacht. Luaigh na húdaráis mhíleata gur '*chuir a oifigigh uachtaracha an Gearánach ar an eolas faoi na cúiseanna nár moladh an t-iarratas uaidh nuair a fuarthas an t-iarratas*'. Theip ar an nGearánach fógra a thabhairt don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi cé acu a bhí nó nach raibh sé ar an eolas, roimh an iarratas nó tráth an iarratais, faoi aon cheann de na cúiseanna nár moladh an t-iarratas uaidh.

Bhí an Gearánach den tuairim go raibh srian mór ar a ionchais amach anseo in Óglaigh na hÉireann mar thoradh ar na cúrsaí a rinne sé faoi Scéim na dTeicneoirí faoi Oiliúint. Ní raibh na húdaráis mhíleata sásta leis sin, agus iad ag rá: '*tugadh deis luachmhar don Ghearánach tabhairt faoi chéim lánaimseartha agus, tar éis dó na scileanna a ghnóthú, cháiligh sé mar theicneoir a fhaigheann pá ag pointe 5 den scála do theicneoirí*'. Sna cúinsí sin, níor aontaigh na húdaráis mhíleata '*gur féidir a rá gur chuir rannpháirtíocht an Ghearánaigh i Scéim na dTeicneoirí faoi Oiliúint srian ar a ionchais amach anseo in Óglaigh na hÉireann*'.

Rinne an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann na cinntí agus na moltaí seo a leanas:

Níor míníodh cén fáth ar fógraíodh an cúrsa in orduithe gnáthaimh Ghrúpa an Ghearánaigh sa chéad áit agus, i gcás gur ceanglaíodh ar an nGrúpa nó gur ordaíodh dó an cúrsa a fhógairt, níor míníodh cén fáth nár leagadh na srianta a d'fhorchuirfí ina dhiaidh sin amach sna horduithe gnáthaimh.

'*Earráid riaracháin*' ba ea an cúrsa a fhógairt gan choinníoll sna horduithe gnáthaimh a foilsíodh sa bhliain 2011 agus an méid sin a dhéanamh i gcúinsí inar eisíodh don Ghrúpa cheana féin sa bhliain 2009

treoir lenar cuireadh cosc ar gheall le gach pearsa sa Ghrúpa páirt a ghlacadh i gcúrsaí ar dá mbarr a d'fhéadfadh siad aistriú amach as an nGrúpa. D'fhéadfadh *'cleachtas míchuibhiúil riaracháin'* a bheith ann dá dtarlódh an earráid sin arís.

Ag an am nár moladh an t-iarratas uaidh – nó roimhe sin, b'fhéidir – bhí an Gearánach ar an eolas faoin treoir a d'eisigh a Cheannasaí Grúpa sa bhliain 2009.

B'amhlaidh gurbh ann do riachtanais oibriúcháin, ag féachaint do na riachtanais a bhí ag Grúpa Seirbhíse an Ghearánaigh le sainscileanna. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún nach ndéanfaí, nó nach bhféadfaí, an Gearánach a bhreithniú don triail inniúlachta tosaigh gan moladh a fháil roimh ré óna Oifigeach Ceannais agus/nó ó na hoifigigh shinsearach ina Ghrúpa Seirbhíse. Na riachtanais oibriúcháin a bhí i gceist, na scileanna ar leith a bhí ag an nGearánach agus/nó aon tréimhse "aisíoca" i leith an chúrsa nach bhféadfaí an Gearánach a bhreithniú do chúrsa eile lena linn, d'fhéadfaí aon cheann de na nithe sin a chur san áireamh le linn a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart é a mholadh.

Ní raibh aon fhianaise ann gur mhíchothrom nó neamhréasúnach a bhí an cinneadh ó Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh gan an t-iarratas ón nGearánach a mholadh nó gur mhíchothrom nó neamhréasúnach a bhí na cúiseanna a thug sé leis an gcinneadh sin.

Ní raibh aon fhianaise ann gur mhíchothrom nó neamhréasúnach a bhí an treoir ó Cheannasaí Grúpa Seirbhíse an Ghearánaigh, rud a eisíodh sa bhliain 2009 ar na cúiseanna a leagadh amach ann.

Ní raibh aon fhianaise ann gur mhíchothrom nó neamhréasúnach a bhí an cinneadh/an treoir riaracháin ón Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) gan cead a thabhairt don Ghearánach freastal ar agallamh don chúrsa. Maidir le haon chás ina dtagann 'cinneadh' nó 'ordú' as cleachtadh míleata de chuid údarás riaracháin, mhol an Oifig seo go dtabharfaí cúiseanna leis an 'gcinneadh' nó leis an 'ordú' sin nuair is féidir. Ní rabhtas in ann a chur ina luí ar an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann gur eisigh an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) aon 'ordú' sa chás seo. Má eisíodh 'ordú' den sórt sin, áfach, níor mheas sé gur ghá na cúiseanna a bhí leis a mhíniú.

Maidir le haon chás ina ndéantar cinneadh riaracháin,



nó ina dtugtar ordú riaracháin, a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do na hionchais ghairme amach anseo a bheadh ag comhalta reatha d'Óglaigh na hÉireann, mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go ndéanfaí breithniú ar phróiseas dílis a sholáthar trína bhféadfaí achomharc/athbhreithniú riaracháin a iarraidh in aghaidh an chinnidh nó an ordaithe neamhfhabhraigh nuair is cuí.

Ní raibh sé cothrom do na hiarratasóirí ón nGrúpa gur fógraíodh an cúrsa seachtrach in orduithe gnáthaimh an Ghrúpa gan trácht a dhéanamh ar na critéir lenar cuireadh srian ar iarratais ón nGrúpa lena mbaineann. Ceadaíodh do dhaoine sa Ghrúpa iarratas a dhéanamh ar an gcúrsa. Cé gur ardaíodh an dóchas a bhí acu go roghnófaí iad don chúrsa, níor ardaíodh é sa mhéid go mbeadh *'ionchas dlisteanach'* acu go roghnófaí iad. Tharla sé sin beag beann ar an bhfíric nach raibh aon seans dá laghad ann ón tús go roghnófaí aon duine díobh chun tabhairt faoin gcúrsa.

'Earráid riaracháin' ba ea é nach ndearnadh aon ghníomh sular glaoth an Gearánach chun agallaimh, agus mhol an Oifig seo go n-admhódh oifigeach sinsearach acmhainní daonna sa Ghrúpa an earráid sin don Ghearánach.

Achoimre ar Chás 7

Comórtas ardaithe céime – Na hÓglaigh Cúltaca – Tionóladh agallaimh, ach níor tugadh aon ardú céime ansin – Cuireadh stad le harduithe céime ar feitheamh an toradh a fháil ar an Tuarascáil Luach ar Airgead ar na hÓglaigh Cúltaca – Atheagraíodh na hÓglaigh Cúltaca ina dhiaidh sin – Bhí ionchas réasúnach ann go dtabharfaí ardú céime – Bhí teip ann fógra a thabhairt do na hiarrthóirí faoi na cúiseanna leis an moill – Bhí ceist ann maidir le cé acu a bhí nó nach raibh oibleagáid ann an próiseas ardaithe céime a chríochnú tar éis agallaimh a thionól

Bhain an gearán seo le rannpháirtíocht an Ghearánaigh i gcomórtas ardaithe céime le haghaidh chéim an Cheannfoirt sna hÓglaigh Cúltaca. Cé go ndearnadh Ordú Comórtha don phost agus gur cuireadh agallaimh ar iarrthóirí, níor líonadh an post ar deireadh. Tharla sé sin i gcúinsí inar cuireadh bac ar gach ardú céime sna hÓglaigh Cúltaca ar feitheamh chríochnú na Tuarascála Luach ar Airgead ar an eagraíocht, rud a bhí á dhéanamh d'fhonn na hÓglaigh Cúltaca a atheagrú. Atheagraíodh na hÓglaigh Cúltaca ina dhiaidh sin. Mar chuid den atheagrú, athshannadh roinnt pearsana ó na hÓglaigh Cúltaca toisc gur cinneadh sa tuarascáil go raibh barrachas suntasach oifigeach ag céimeanna áirithe ann san eagraíocht, lenar áiríodh oifigigh ag céim an Cheannfoirt. Ní dheachthas ar aghaidh leis na harduithe céime a bhí beartaithe, lenar áiríodh an t-ardú céime ón gcomórtas ar ghlac an Gearánach páirt ann.

Mhaígh an Gearánach gur measadh go raibh seans maith aige an t-ardú céime a fháil mar gheall ar a shinsearach, ar an ról sinsearach a bhí ina sheilbh aige, ar an taithí fhairsing a bhí aige agus ar na scileanna a ghnóthaigh sé i gcéim choimisiúnaithe. Dúirt sé nár tugadh aon mhíniú dó ar cén fáth nár críochnaíodh an próiseas. Dúirt sé nár tugadh aon fhógra dó ach oiread faoin toradh a bhí ar na cinntí ón mbord comórtha ná faoin teip an fógra sin a thabhairt. Go deimhin, níor tháinig sé ar an eolas faoin gcúis ach amháin le linn an phróisis um Shásamh in Éagóracha. Mar shásamh, d'iarr sé go bhfoilseofaí na cinntí ón mBord Comórtha agus go dtabharfaí ardú céime don iarrthóir rathúil. D'fhiafraigh sé ar éirigh nó nár éirigh leis sa chomórtas agus, má d'éirigh leis, d'iarr sé, i gcás nach raibh aon fholúntas ann a thuilleadh de bharr atheagrú na nÓglach Cúltaca, go dtabharfaí ardú céime dó chun seirbhís a dhéanamh ar an Liosta Ginearál gan cheapachán nó go gceadófaí dó leanúint le seirbhís a dhéanamh ag a chéim reatha agus ina ról reatha go dtí go mbainfeadh sé an aois scoir is infheidhme maidir le hoifigigh ag céim an Cheannfoirt

amach. Chuaigh an Gearánach ar scor ó na hÓglaigh Cúltaca ar fhorais aoise ansin agus d'iarr sé, mar shásamh breise, go leasófaí a scaradh le coimisiún chun go léifí é mar Cheannfort seachas mar Chaptaen.

Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid gur “thrua” é nár tugadh aon mhíniú don Ghearánach ar an moill. Chinn sé freisin gurbh intuigthe agus dosheachanta an rud é gurbh amhlaidh, ar chúiseanna nach raibh aon smacht ag Óglaigh na hÉireann orthu, go gcuirfeadh an t-atheagrú ar Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear na hÓglaigh Cúltaca, moill ar arduithe céime a thabhairt d'oifigigh de chuid na nÓglach Cúltaca. Dá bhrí sin, chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata nach ndearnadh aon éagóir ar an nGearánach i dtaca leis an ionchas a bhí aige ardú céime a fháil ná i dtaca leis an moill ar fhógra a thabhairt dó faoin toradh ar an bpróiseas agallaimh. Tríd is tríd, d'aontaigh Ginearálóifigeach i gCeannas an Ghearánaigh agus Ceann Foirne an Ghearánaigh araon leis na conclúidí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata. Thug an Ceann Foirne faoi deara nach le hagallamh a dhéanamh agus leis sin amháin a ghabhann an ceart chun ardú céime a fháil.

D'aontaigh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann leis an tuairim sin. Tá an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann den tuairim nach bhfuil sé lánchinnte go roghnófar iarrthóir rathúil nó iarrthóirí rathúla de bhun aon Chomórtais Ardaithe Céime agus aon Phróisis Agallaimh a bhfuil i gceist leo teacht ar iarrthóir atá oiriúnach le haghaidh ardú céime nó le haghaidh post ar leith a líonadh. Tá an seasamh sin chomh fíor sa timpeallacht mhíleata lena bhfuil sé sa saol sibhialtach. D'fhéadfadh sé tarlú, mar shampla, nár thángthas ar aon iarrthóir oiriúnach nó nach rabhtas in ann iarrthóir a roghnú ar chúis éigin eile. Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara nach raibh aon smacht ag Óglaigh na hÉireann ar an toradh ar an bpróiseas sa chás seo agus nár chosúil gur tionscnaíodh an próiseas ardaithe céime ná go ndearnadh agallaimh nuair a bhíodhas ar an

eolas nach bhféadfaí an próiseas ar fad a chríochnú mar a bhí beartaithe.

Chinn an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann, áfach, gur cheart fógra a thabhairt don Ghearánach (agus do na hiarrthóirí eile) faoin toradh ar an gComórtas Ardaithe Céime laistigh de thréimhse ama réasúnach. Tugadh an fógra sin go rómhall agus ní bhfuair an Gearánach é ach amháin tar éis dó Sásamh in Éagóracha a iarraidh. Sa chás seo, ba cheart fógra a bheith tugtha don Ghearánach nach roghnófaí iarrthóir rathúil ar na cúiseanna a bhfuiltear ar an eolas fúthu anois. Sa mhéid theoranta sin, ba dheimhin leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann go ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Maidir le cásanna nach gcuirtear Comórtas Ardaithe Céime i

gcrích laistigh de thréimhse ama réasúnach iontu, mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann gur cheart fógra a thabhairt do na hiarrthóirí rannpháirteacha faoi cén fáth nár cuireadh an Comórtas i gcrích nó faoi cén fáth ar tháinig moill ar a chur i gcrích. Ba cheart é sin a dhéanamh ar mhaithe le cothroime, le trédhearcacht agus lena chinntiú go mbeidh meas ag na pearsana go fóill ar na próisis ardaithe céime atá ar bun laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Ghlac an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann leis, agus aiféala air, go raibh moill shuntasach ann ar an imscrúdú agus an Tuarascáil uaidh. Mar sin féin, ní bheadh aon athrú ann ar an toradh ar an iarratas ar Shásamh in Éagóracha fiú amháin i gcás gur déileáladh leis i bhfad níos luaithe.



Achoimre ar Chás 8

Níor tugadh ardú céime don Ghearánach chuig céim an Chaptaein Chúnta – Chinn an Bord Liachta go raibh an Gearánach faoi bhun Chaighdeáin Liachta Óglaigh na hÉireann – Mhol an Leas-Cheann Foirne go gcuirfí an Gearánach ar scor ó Óglaigh na hÉireann – Bhí teip ann fógra a thabhairt go pras don Ghearánach faoi na cúiseanna nár moladh é – Níor tugadh aon chúiseanna leis an gcéanna sa litir faoin neamh-mholadh – Bhí iarmhairtí féideartha ann don fhostaíocht shibhialtach – Alt 18(1)(a) den Acht Cosanta, 1954 – Ionstraim Riaracháin A15(e)/Iarscríbhinn E

Sa chás seo, d'iarr an Gearánach sásamh toisc nár tugadh ardú céime dó chuig céim an Chaptaein Chúnta. Níor mhol a Ghinearálóifigeach i gCeannas é le haghaidh ardú céime toisc gur mhol sé roimhe sin go gcuirfí an Gearánach ar scor ón eagraíocht bunaithe ar na torthaí ó mheasúnú a rinne an Bord Liachta air, áit a ndúradh go raibh an Gearánach “faoi bhun Chaighdeáin Liachta Óglaigh na hÉireann”. Rinne an Gearánach achomharc in aghaidh an ghrádaithe liachta sin, rud nár éirigh leis. Mar thoradh ar an measúnú liachta, mhol an Leas-Cheann Foirne don Cheann Foirne go gcuirfí an Gearánach ar scor. Ós rud é nach ndearnadh aon chinneadh ar a thodhchaí in Óglaigh na hÉireann go fóill agus go rabhthas ag déileáil lena chás laistigh de struchtúr na heagraíochta, mhaígh an Gearánach gur mhíchothrom an rud é diúltú d'ardú céime a thabhairt dó bunaithe ar phróiseas a bhí fós ar feitheamh cinneadh deiridh. Chomh maith leis sin, rinne an Gearánach cáin ar an modh inar tugadh fógra dó faoin gcinneadh gan ardú céime a thabhairt dó. Bhraith sé gur caitheadh go dona leis.

Chinn an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur chinneadh réasúnach loighciúil é an cinneadh ón nGinearálóifigeach i gCeannas gan an Gearánach a mholadh le haghaidh ardú céime. Dúirt an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin gur cheart go mbeadh cur amach ag an nGearánach ar an srian a chuirfeadh a ghrádú liachta lena ionchais ardaithe céime. Tríd is tríd, d'aontaigh an Ceann Foirne leis na conclúidí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata.

Thug an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi deara gurbh amhlaidh, fiú amháin i gcás nár moladh roimhe sin go gcuirfí an Gearánach ar luathscor, nach bhféadfaí ardú céime a thabhairt dó de bharr a ghrádaithe liachta, ar aon dul le hIonstraim Riaracháin A15(e). Ba léir go raibh an dá shaincheist – an grádú liachta agus an moladh go gcuirfí an Gearánach ar scor – fite fuaite ina chéile. Le chéile nó ar leithligh ó chéile, chuir siad deireadh le hionchas an Ghearánaigh go dtabharfaí ardú céime dó. Dá bhrí sin, ba dheimhin leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann nach bhféadfaí seasamh leis an ngearán substainteach ón nGearánach.

Mar sin féin, bhí roinnt ábhar imní ag an Ombudsman

d'Óglaigh na hÉireann faoin modh inar tugadh faisnéis iomchuí don Ghearánach agus faoin teip faisnéis iomchuí a thabhairt dó. Níor chosúil gurbh eol don Ghearánach le linn an phróisis nár moladh é le haghaidh ardú céime. Ba chosúil freisin nár tháinig sé ar an eolas faoi sin ach amháin roinnt míonna tar éis an cinneadh a dhéanamh. Is dócha go raibh na daoine in údarás ar an eolas faoina raibh i ndán don Ghearánach (maidir leis an ardú céime a raibh sé ag súil leis) tamall maith sular tugadh fógra dó faoin méid sin. Sna cúinsí sin, agus ar mhaithe le cothroime, ba cheart a bheith curtha in iúl don Ghearánach ag an am sin – ar bhealach neamhfhoirmiúil, fiú – nár dhócha go dtabharfaí ardú céime dó.

D'fhéadfadh gurbh eol don Ghearánach, nó gur cheart gurbh eol don Ghearánach, nach bhféadfaí ardú céime a thabhairt dó ag an am mar thoradh ar a ghrádú liachta. Beag beann air sin, ba cheart dá oifigigh uachtaracha fógra cuí a thabhairt dó nach bhfaigheadh sé an t-ardú céime. Mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go ndéanfaí aon chinntí foirmiúla gan duine a mholadh le haghaidh ardú céime ar aon chúis a chur in iúl do chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gan mhoill (i.e. a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh), mar aon leis an gcúis/na cúiseanna leis an gcéanna.

Mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann freisin go scríobhfadh oifigeach sinsearach chuig an nGearánach á lua nár tugadh ardú céime dó sa bhliain 2016 toisc gur mhol a Ghinearálóifigeach i gCeannas go gcuirfí an Gearánach ar luathscor ón eagraíocht bunaithe ar an ngrádú liachta a tugadh dó sa bhliain 2015. Ós rud é nár luadh go sonrach sa litir bhunaidh a seoladh chuig an nGearánach gurbh é an grádú liachta an chúis leis an moladh go gcuirfí ar luathscor é, cruthaíodh éiginnteacht agus/nó tuairimíocht maidir le cén fáth ar giorraíodh fad gairme an Ghearánaigh agus ar cuireadh as dá ionchais ardaithe céime. D'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh don Ghearánach agus é ar lorg fostaíocht shibhialtach. Ba dhócha go n-iarrfadh aon fhostóir sibhialtach féideartha míniú ar cén fáth ar fhág an Gearánach Óglaigh na hÉireann go luath agus ag céim measartha sóisearach, agus d'fhéadfadh an litir ar mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann í a bheith ina cabhair ina leith sin.

Achoimre ar Chás 9

Urscaoileadh – Níor moladh an Gearánach lena athfhostú – Bhí a Iompar Míleata ‘Míshásúil’ – Bhí an Gearánach as láthair agus neamhéifeachtach ar feadh tréimhsí suntasacha – Fuair an Gearánach rátáil ‘Mhaith Shealadach’ – Deacrachtaí pearsanta – Bhí ceist ann maidir le cé acu a bhí nó nach raibh ceanglas ar Óglaigh na hÉireann deis eile a thabhairt don Ghearánach seirbhís a dhéanamh ar bhonn ‘maith sealadach’ – ‘Seirbhís a dhéanamh gan stádas fostaithe’ – Dlíne – Gearán leanúnach – Mír 40(2) de Rialachán A8 ó Óglaigh na hÉireann agus Rialachán A10 ó Óglaigh na hÉireann – Ailt 53, 63, 64 agus 69 den Acht Cosanta, 1954

Chuir an Gearánach sa chás seo iarratas ar Shásamh in Éagóracha isteach, a d’eascair as an gcinneadh óna Oifigeach Ceannais gan a mholadh go ndéanfaí an Gearánach a athfhostú chun seirbhís 21 bhliain a chur i gcrích tar éis a fhostú seirbhíse 12 bhliain ag an am a fhoirceannadh. Chun tacú leis an gcinneadh uaidh, rinne Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh a ‘rátáil iompair mhíleata’ a mheas a bheith ‘Míshásúil’. Bhí leibhéal suntasach neamhláithreachta ag an nGearánach ar feadh sciar suntasach den chéad 12 bhliain ina raibh sé fostaithe sa Bhuanfhórsa Cosanta. Sa bhliain 2010, rinne Ceannasaí Complachta an Ghearánaigh iarraidh chuig Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh go n-urscaoilfí é ó Óglaigh na hÉireann de bharr ‘patrún suntasach seirbhíse neamhéifeachtaí’. Cé nár cuireadh an iarraidh urscaoilte a rinneadh sa bhliain 2010 chun feidhme ag an am, tugadh fógra don Ghearánach ina dhiaidh sin go bhféadfadh a thaifead neamhláithreachta dul i bhfeidhm ar a ‘rátáil iompair’, de réir mhír 38 de Rialachán A8 ó Óglaigh na hÉireann, agus go bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh d’aon Fhadú ar Sheirbhís amach anseo. Ar deireadh, rinne Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh ‘rátáil iompair mhíleata’ an Ghearánaigh a dheimhniú a bheith ‘Míshásúil’ agus, ar an gcúis sin, níor thacaigh sé leis an iarratas ón nGearánach ar Athfhostú.

Ar a thaobh féin, thagair an Gearánach do roinnt deacrachtaí pearsanta a bhí aige, ar dá mbarr a fuair an t-ól greim air. Ghlac sé leis gur ghéill sé do na deacrachtaí sin agus go raibh siad ina gcúis lena neamhláithreachta. Mhaígh sé, áfach, go raibh dea-thaifead aige ar feadh na naoi mí roimhe sin agus nach raibh sé as láthair agus nár cuireadh aon smacht air le linn na tréimhe sin. D’iarr sé go dtabharfaí aird chuí ar a thréimhse neamh-mheisce, ar an dul chun cinn a rinne sé agus ar na teistiméireachtaí ó chomhghleacaithe oibre agus go dtabharfaí cead dó fanacht i seirbhís. Thagair sé freisin don rátáil ‘Mhaith Shealadach’ a cheadaítear faoi mhír 40(2) de Rialachán 8 ó Óglaigh na hÉireann. D’iarr sé go

dtabharfaí deis dó é féin a chruthú tuilleadh. Ghlac sé leis go raibh sé féin freagrach as an gcor ina raibh sé ag an am agus leag sé béim ar an dul chun cinn a rinne sé ar theacht chuige féin. Mhaígh an Gearánach freisin nár cuireadh é ar an eolas roimhe sin faoi na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag a iompraíocht d’aon fhadú ar a sheirbhís.

I ndoiciméid AF 667B an Ghearánaigh, d’aimsigh an Ginearálóifigeach i gCeannas ‘roinnt tagairtí’ do chásanna inar cuireadh an Gearánach ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bheadh ag rátáil ‘Míshásúil’. Bunaithe ar na hiontrálacha sin, chinn an Ginearálóifigeach i gCeannas nach bhféadfadh sé aontú leis an nGearánach nár tugadh rabhadh dó faoi na hiarmhairtí a bheadh ag rátáil ‘Míshásúil’. Thug an Ginearálóifigeach i gCeannas faoi deara go raibh an Gearánach as láthair ar roinnt cásanna le déanaí freisin. Luaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas nár chomhlíon an Gearánach na critéir le haghaidh rátáil ‘Mhaith’ a bhaint amach de réir mhír 38(c) de Rialachán A8 ó Óglaigh na hÉireann. Níor chomhlíon sé na critéir le haghaidh rátáil ‘Mhaith Shealadach’ a bhaint amach de réir mhír 40(2) de Rialachán A8 ó Óglaigh na hÉireann ach oiread. Sna cúinsí sin, mhol an Ginearálóifigeach i gCeannas nár cheart an t-iarratas ón nGearánach ar athfhostú a cheadú. D’eisigh an tOifigeach Bainistíochta Taifead agus Sonraí, mar ‘Údarás Míleata Forordaithe’ de réir mhír 6 de Rialachán A1 ó Óglaigh na hÉireann, an cinneadh uaidh ansin gan an t-iarratas ón nGearánach ar athfhostú a cheadú. Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an achomharc ón nGearánach, d’ordaigh an Leas-Cheann Foirne go n-urscaoilfí é.

Chuir an Gearánach iarratas ar Shásamh in Éagóracha isteach á mhaíomh nár ceadáíodh dó ‘seirbhís a dhéanamh gan fostú’, rud lena gceadófaí d’Óglaigh na hÉireann é urscaoileadh le héifeacht láithreach i gcás go ndéanadh sé sárú le linn thréimhse na seirbhíse sin. Mhaígh sé nár tugadh dóthain ama dó

chun a dheachlú a fháil ar ais sular tionscnaíodh imeachtaí urscaoilte agus go raibh na forálacha rialála chomh dolúbtha sin gur ghá é a urscaoileadh, gan aon bhreithniú a dhéanamh ar a shláinte ag an am. D'ordaigh an Leas-Cheann Foirne nach mbeadh aon ról ag Ginearálóifgeach i gCeannas an Ghearánaigh sa phróiseas um Shásamh in Éagóracha toisc go raibh ról aige cheana féin sa chinneadh gan an Gearánach a athfhostú sa bhliain 2015. D'ordaigh an Leas-Cheann Foirne freisin go gcuirfí stad leis na himeachtaí urscaoilte ar feitheamh an toradh a fháil ar an iarratas ar Shásamh in Éagóracha.

I gcomhad an Ghearánaigh, d'aimsigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ceithre cinn de dhoiciméid AF 667B inar luadh gur thug an t-oifigeach tuairiscithe fógra don Gearánach go ndearnadh a rátáil iompair a íosghrádú go 'Míshásúil' agus go mbeadh iarmhairtí ag an rátáil sin dá athfhostú amach anseo san eagraíocht, ar aon dul le Rialachán A10 ó Óglaigh na hÉireann. Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara gur luaigh an tOifigeach i ngach cás gur aithin an Gearánach an rátáil iompair a tugadh dó agus an tionchar a bheadh ag an rátáil air ina dhiaidh sin. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach agus luaigh sé gur choinnigh Óglaigh na hÉireann é i seirbhís gan fostú ar feadh tréimhse 12 mhí cheana féin. Fuair sé amach go ndearna an Gearánach sárú roimh dheireadh a thréimhse fostaithe

agus nach bhféadfaí rátáil 'Mhaith Shealadach' a thabhairt dó dá bharr sin. Ós rud é nach raibh aon iarratais ann ar sheirbhís thar lear le fáil i gcomhad an Ghearánaigh, tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearna sé aon iarratas ar chuairt dualgais thar lear ón mbliain 2004 i leith. D'fhág sé sin nár chomhlíon sé na critéir atá leagtha síos i Rialachán A10 ó Óglaigh na hÉireann ina leith sin. Rinne an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata iarracht glao a chur ar an nGearánach chun fógra a thabhairt dó faoi na moltaí uaidh. Theip air teagmháil a dhéanamh leis, áfach. Nuair a rinne sé teagmháil le haonad an Ghearánaigh ansin, d'inis Sáirsint Complachta an Ghearánaigh dó go raibh an Gearánach as láthair ón áit oibre le cúpla lá anuas. D'aontaigh an Ginearálóifgeach i gCeannas agus an Leas-Cheann Foirne araon leis an gcinneadh ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach.

Tharchuir an Gearánach an ní chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Cé gur thug sé faoi deara go ndeachaigh níos mó ná 12 mhí thart ón dáta a taifeadadh an gníomh líomhnaithe agus an dáta a tarchuireadh an gearán faoin ngníomh chuige, ba dheimhin leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann go raibh sé intuigthe gur cumhdaíodh san iarratas ón nGearánach ar Shásamh in Éagóracha gach ceann de na gníomhartha a rinne na húdaráis mhíleata ina dhiaidh sin le linn dóibh imscrúdú a dhéanamh ar an





ngearán. Dá bhrí sin, ba dheimhin leis gur tarchuireadh an gearán chuige laistigh den teorainn ama. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le hathfhostú, thug an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann faoi deara gur sonraíodh go soiléir in alt 64 den Acht Cosanta dhá choinníoll nach mór a chomhlíonadh sula bhféadfar comhalta a athfhostú tar éis téarma a liostála bunaidh a chur isteach. Ar an gcéad dul síos, ní mór don chomhalta moladh a fháil óna Oifigeach i gCeannas agus, ar an dara dul síos, ní mór don chomhalta ceadú a fháil ón údarás míleata forordaithe. Is léir nár chomhlíon an Gearánach ceachtar de na coinníollacha sin. Thug an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann faoi deara gurb amhlaidh, de réir Rialachán A10 ó Óglaigh na hÉireann, nár cheart athfhostú a údarú ach amháin i gcás go ndearnadh iompar míleata an chomhalta a mheas a bheith go “Maith” ar a laghad.

Le linn dó cas an Ghearánaigh a athbhreithniú, níor tháinig an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann ar aon fhianaise gur leanadh nósanna imeachta míchothroma nó nár cloíodh le prionsabail an cheartais aiceanta. Bhí an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann den tuairim nach raibh aon fhianaise ann lenar tugadh le fios nár comhlíonadh aon cheann de na ceanglais reachtúla, rialála nó riaracháin atá i bhfeidhm ina leith sin ina n-iomláine. Ag féachaint do na rabhaidh a tugadh don Ghearánach i ndoiciméid AF 667B roimhe sin, bhí an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann den tuairim nár cheart go mbeadh aon amhras ann faoina thromchúisí a bhí a chor. I dtuairim an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann, ní raibh aon teip ná éagthroime riaracháin ann ar thaobh na n-údarás míleata sa chás seo. Ní fhéadfadh an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann an tuairim uaidh féin a chur in ionad na tuairime ó na húdaráis mhíleata maidir le cé acu a bhí nó nach raibh sé cuí iarratas a dhéanamh ar chomhalta reatha a urscaoileadh. Ní raibh sé de ról ag an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann ach oiread bealach eile achomhairc a thabhairt in aghaidh aon chinnidh ó údarás míleata údaraithe a ordú go n-urscaoilfí comhalta reatha i gcás gur leanadh an phróis chuí. Bhí ról an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann teoranta d’fhormhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh ar chomhlíon na húdaráis mhíleata iomchuí na forálacha ab infheidhme den Acht Cosanta agus de na Rialacháin ó Óglaigh na hÉireann agus ar a chothroime a bhí na gníomhartha riaracháin a rinneadh ina leith sin. Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an ngearán ón nGearánach, tháinig an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise ann ar neamhchomhlíonadh ina leith sin agus nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach.

Achoimre ar Chás 10

Neamhroghnú le haghaidh Postú – Critéir Roghnúcháin – Gan aon Seirbhís roimhe sin agus ansin Sinsearach – Bhí seirbhís déanta ag an iarrthóir rathúil – Bhí Coinbhleacht Fianaise ann maidir leis na critéir roghnúcháin a cuireadh in iúl ó bhéal – Moladh go dtabharfaí soiléire maidir leis na critéir.

Bhí an Gearánach ar dhuine amháin de thriúr a rinne iarratas ar Dhualgais Ghinearálta an tSaighdiúra Shingil leis an gcéad Chomplacht Slándála, 1ú Bhriogáid an Deiscirt. Thug an Ceannfort fógra dó agus d'iarratasóir eile le chéile nár roghnaíodh iad don ról agus go raibh na critéir le haghaidh roghnúcháin bunaithe ar gan aon seirbhís a bheith déanta roimhe sin agus ansin ar shinsearach. Mhaígh an Gearánach gur luaigh an Ceannfort gur roghnaíodh an t-iarrthóir is sinsearaí toisc nach ndearna aon duine de na hiarrthóirí seirbhís roimhe sin leis an gcéad Chomplacht Slándála. Ina dhiaidh sin, chuala sé an t-iarrthóir neamhrathúil eile á rá go ndearna sé féin agus an t-iarrthóir rathúil araon seirbhís roimhe sin leis an gCéad Chomplacht Slándála sa bhliain 1993. Chreid sé nár tugadh faisnéis don Bhord Agallaimh agus, mar thoradh air sin, go ndearnadh éagóir air sa phróiseas roghnúcháin.

Thug an Gearánach fógra don Bhord Agallaimh faoin tseirbhís roimhe sin a rinne an bheirt iarrthóirí eile leis an gCéad Chomplacht Slándála. Chinn an Bord Agallaimh seasamh leis an gcinneadh bunaidh toisc go raibh gach duine den triúr iarrthóirí incháilithe dá gceapadh agus gur rangaíodh iad de réir sinsearachta. Níor mheas an Bord Agallaimh go raibh sé cothrom an t-iarrthóir rathúil a eisiaimh ón bpróiseas ar an mbonn go ndearna sé seirbhís den chineál céanna 17 mbliana roimhe sin, tráth nach raibh an ceapachán chomh héadálach céanna. Luaigh an Ceannfort go bhféadfadh go ndúirt sé go bhfaigheadh an duine is sinsearaí an post ach amháin i gcás go ndearna sé seirbhís leis an gComplacht Slándála 'roimhe sin' nó 'le déanaí'. Cé nach raibh sé in ann cuimhneamh ar a ndúirt sé go díreach, bhí sé i gceist aige 'le déanaí' a rá toisc gurbh é sin an critéar iarbhair a d'úsáidfí. Tugadh faoi deara go raibh an tseirbhís roimhe sin a rinne an bheirt iarrthóirí eile leis an gComplacht Slándála taifeadta go soiléir ar dhoiciméid AF 43A. Dá bhrí sin, bhí an Bord Agallaimh ar an eolas faoin tseirbhís sin. Fuarthas amach go raibh an fhaisnéis iomchuí riachtanach ar fad ina sheilbh ag an mBord Agallaimh nuair a rinne sé an cinneadh uaidh, gur cuireadh na critéir i bhfeidhm ar bhealach cothrom, comhsheasmhach agus oibiachtúil agus, dá bhrí sin, nach ndearnadh ar an nGearánach aon éagóir ar ghá í a shásamh. Mhol an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, i gcás go bhfuil úsáid á baint

as critéir atá i dteannta na gcritéir sin atá leagtha síos le hOrduithe Gnáthaimh, gur cheart an méid sin a shonrú go soiléir ar mhaithe le haon mhíthuiscint den chineál céanna a sheachaint amach anseo. Mhol an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin gur ar bhonn aonair, seachas le chéile, ba cheart fógra a thabhairt d'iarrthóirí neamhrathúla faoin toradh a bheadh ar aon Chomórtas sa todhchaí. Ba dheimhin leis an gCeann Foirne nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Ghlac sé leis go raibh míthuiscint ann, a d'eascair as an tráth a dúirt an Ceannfort go bhfaigheadh "an fear is sinsearaí an post, ach amháin i gcás go ndearna sé é le déanaí nó roimhe sin".

Mheas an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go raibh coinbhleacht shoiléir fianaise ann maidir lena ndúirt an Ceannfort go díreach faoi na critéir iomchuí don phróiseas roghnúcháin. Dheimhnigh an Oifig seo nach raibh aon ní ann a thug le fios gur cinneadh an t-iarrthóir rathúil roimh ré ná go ndearna an Ceannfort an Gearánach a eisiaimh d'aon ghnó. Ghlac an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann lenar chuimhnigh an Gearánach ar a ndúirt an Ceannfort.

Ba dheimhin leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann go ndearnadh éagóir ar an nGearánach sa mhéid nár leanadh na critéir roghnúcháin shonracha don chomórtas, mar a cuireadh in iúl go sainráite do na hiarrthóirí (an Gearánach san áireamh), agus gur dhócha gurbh é sin an chúis nár éirigh leis an nGearánach an post a fháil.

Dá bhrí sin, mhol an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann gurbh amhlaidh, i gcás nach ndearna an Gearánach aon iarratas ar a roghnú chun seirbhís a dhéanamh sa Chéad Chomplacht Slándála ó mhí Iúil 2010 i leith, go gcuirfí é ar an eolas faoin teidlíocht atá aige roghnú a lorg (ar an mbonn go sásaíonn sé na critéir roghnúcháin iomchuí) agus go bhféachfaí go dearfach ar a iarrthóireacht.

Ar deireadh, moladh go seachnófaí téarmaí doiléire, nuair is féidir, i gcásanna ina meastar go bhfuil sé riachtanach nó cuí critéir roghnúcháin nó critéir cháilitheacha a shonrú do phoist atá folamh/d'arduithe céime agus go dtaifeadfaí iad i bhfoirm scríofa, ach amháin i gcás nach mbeadh sé sin praiticiúil.



Gnóthaí Corparáideacha

Soláthar Foirne

Tá foireann an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

- Brian O'Neill, Ceann Oifige
- Michael O'Flaherty, Bainisteoir Cásanna
- Lauren O'Donovan, Cúntóir Riaracháin

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Amhail i gcás Oifigí eile a gcistítear go poiblí iad, rinne an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais sa bhliain 2017. Cuireadh an t-athbhreithniú sin ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá córas cuimsitheach buiséid i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn ráithiúil i gcomhar le cuntasóirí seachtracha an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear forálacha rúndacht faisnéise i bhfeidhm maidir leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 mar seo a leanas [tabhair faoi deara: aistriúchán neamhoifigiúil]:

10.—(1) Ní iarrfar ar an Ombudsman ná ar bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon eolas, aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad ná aon ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, nó chun réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, faoin Acht seo ach amháin chun na críche seo a leanas—

- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
- (b) aon ráiteas, tuarascáil nó fógra a dhéanamh, de réir an Achta seo, faoin réamhscrúdú nó faoin imscrúdú sin, nó

(c) imeachtaí a bhaineann le cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, a líomhnaítear go ndearna é i ndáil le faisnéis nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.

(2) Ní iarrfar ar an Ombudsman ná ar bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)*, maidir le cúrsaí a tháinig ar a iúl nó ar a hiúl le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo.

(3) (a) Féadfaidh an tAire fógra a thabhairt i scríbhinn don Ombudsman maidir le haon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad, aon fhaisnéis nó aon ní a bheidh sonraithe san fhógra, nó maidir le haon aicme doiciméid, choda de dhoiciméad, faisnéise nó ní a bheidh sonraithe amhlaidh go ndéanfadh, i dtuairim an Aire, nochtadh (seachas don Ombudsman nó do bhall dá fhoireann nó dá foireann, lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) an doiciméid sin, aon choda den doiciméad sin, na faisnéise sin nó an ní sin nó doiciméid, aon chodanna de dhoiciméad, nó faisnéise nó aon ní den aicme sin dochar do leas an phobail nó do shlándáil an phobail ar na cúiseanna a bheidh luaite san fhógra.

(b) I gcás go dtabharfar fógra faoin bhfo-alt seo, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a údaráíonn don Ombudsman nó a cheanglaíonn ar an gcéanna aon doiciméad, aon fhaisnéis nó aon ní a bheidh sonraithe san fhógra nó aon doiciméad, aon fhaisnéis nó aon ní d'aicme a bheidh sonraithe amhlaidh a thabhairt d'aon duine nó chun aon chríche.



- (4) I gcás go dtabharfar fógra faoi *fho-alt* (3) (a), ní fhéadfaidh an tOmbudsman ná ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) ceann ar bith díobh seo a leanas a thabhairt —
- (a) doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis ná ní a bheidh sonraithe san fhógra, nó
 - (b) aicme doiciméid, choda de dhoiciméad, faisnéise nó ní a bheidh sonraithe san fhógra, d'aon duine nó chun aon chríche agus ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a údaraíonn don Ombudsman nó do bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon ní dá dtagraítear i mír (a) nó (b) a thabhairt d'aon duine nó chun aon chríche nó a cheanglaíonn ar an Ombudsman nó ar bhall d'fhoireann déanamh amhlaidh.

Comhairle Barra na hÉireann

Tá Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cláraithe faoin Scéim um Rochtain Ghairmiúil Dhíreach de chuid Chomhairle Barra na hÉireann. Baineann Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann úsáid as seirbhísí abhcóidí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid chásanna in imthosca cuí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Tá freagracht phríomha ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála as an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bhfoirgneamh ina bhfuil an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann lonnaithe.

Saoráil Faisnéise

Faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, tá sé de cheart ag daoine aonair chun:

- Rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann san áireamh;
- A iarraidh go gceartófaí faisnéis phearsanta a bhaineann le duine aonair agus atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann san áireamh, i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- Cúiseanna a fháil le cinneadh ó Roinn Rialtais nó ó chomhlachtaí poiblí áirithe, an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann san áireamh, i gcás go ndéanann an cinneadh sin difear do dhuine aonair.



Cé na taifid a fhéadfaidh mé a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise?

Faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, mar atá mionsonraithe thíos, féadfaidh duine aonair na taifid seo a leanas atá i seilbh an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann a iarraidh:

- Aon taifid a bhaineann go pearsanta le duine aonair, cibé uair a cruthaíodh iad;
- Aon taifid eile a cruthaíodh ó bhunú an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann i mí na Nollag 2005.

Féadfaidh 'taifead' bheith i gceann ar bith de na formáidí seo a leanas: doiciméad páipéir, faisnéis atá á coinneáil go leictreonach, asphriontaí, léarscáileanna, pleananna, micreascannán, etc.

Faisnéis atá toirmiscithe faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004

Pléitear in alt 10 le rúndacht faisnéise arna bailiú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann maidir le gearáin a imscrúdaíodh roimhe seo nó atá á n-imscrúdú faoi láthair. Luaitear ann:

“10.-(1) Ní thabharfaidh an tOmbudsman

ná ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon fhaisnéis, aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad ná aon ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, nó chun réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, faoin Acht seo ach amháin chun na críche seo a leanas—

- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
- (b) aon ráiteas, tuarascáil nó fógra a dhéanamh, de réir an Achta seo, faoin réamhscrúdú nó faoin imscrúdú sin, nó
- (c) (a) imeachtaí a bhaineann le cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, a líomhnaítear go ndearna é i ndáil le faisnéis nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.”

Go bunúsach, níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise ach amháin maidir le comhaid riaracháin atá i seilbh an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Níl comhaid imscrúdaithe faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.



Notaí

This image shows a single sheet of white paper with horizontal ruling lines. The lines are evenly spaced and run across the width of the page. There are no margins, text, or other markings on the paper.



Ombudsman for the Defence Forces
15 Lower Hatch Street
Dublin 2, Ireland

T: +353 1 663 3222
F: +353 1 663 3223
W: www.odf.ie E: admin@odf.ie